

Nuacht, Cúrsaí Reatha agus Pobal Labhartha na Gaeilge

Tuairimí agus dearcthaí lucht labhartha agus lucht féachana na Gaeilge faoin soláthar nuachta agus cúrsaí reatha atá ar fáil dóibh, le fócas ar leith ar sheirbhís TG4

SAMHRADH 2021



OÉ Gaillimh
NUI Galway

REDC

Taighde déanta ag Ollscoil na hÉireann, Gaillimh le comhairle ó Red C

TG4



Taighde coimisiúnaithe ag TG4 le tacaíocht ón BAI

Clár

1	Comhthéacs	9
2	Aidhmeanna an Tionscadail	10
3	Dearadh Taighde & Modheolaíochtaí	11
4	Foinsí Nuachta phobal na Gaeilge	19
5	An Soláthar Nuachta i nGaeilge	27
6	Spreagadh agus Iompar	38
7	Dearcthaí faoi Sholáthar Nuachta TG4	42
8	Forbairtí sa Soláthar Nuachta agus Cúrsaí Reatha	51
9	Clabhsúr	54
	Tagairtí	57

Faoin Tuarascáil Seo

Is comhfhiontar í an obair seo idir Ollscoil na hÉireann, Gaillimh agus TG4, i gcomhar leis an áisíneacht taighde, Red C. Is iad TG4 a rinne an taighde seo a choimisiúnú, thug siad comhairle dúinn faoi eilimintí éagsúla de sholáthar nuachta TG4, agus bhí ionchur acu i ndearadh na gceisteanna do shuirbhé Fios Físe agus an suirbhé oscailte. Thacaigh foireann TG4 le cuid de na léaráidí a ullmhú.

D'iarr TG4 agus OÉ Gaillimh ar Red C a bheith mar chomhairleoirí don tionscadal taighde seo agus táthar buíoch d'Aoife Marron, Stiúrthóir Cáilíochtúil Red C. Bunaíodh an comhlacht Red C i mBaile Átha Cliath in 2003 agus cuireann siad seirbhísí comhairleoireachta taighde d'ardchaighdeán ar fáil ar bhonn náisiúnta agus idirnáisiúnta. Chuir Red C comhairle agus cúnamh ar fáil do ghnéithe áirithe den tionscadal seo, struchtúrú agus cur chuige an tionscadail, dearadh na gcomhráite treoirithe agus leagan amach na tuarascála.

Tá an tuarascáil seo bunaithe ar obair a rinneadh i mí Feabhra, Márta agus Aibreáin na bliana 2021.

Ba mhaith linn ár mbuíochas a ghabháil le háisitheoirí na ngrúpaí fócais: Carmel Ní Bhriain, Seán Breathnach, Nórita Ní Chartúir, Dan Dwyer agus Fionn Ó Sealbhaigh, Feidhmeannaigh Chumarsáide in Acadamh na hOllscolaíochta Gaeilge, Ollscoil na hÉireann, Gaillimh. Thug Fionn Ó Sealbhaigh, Feidhmeannach Cumarsáide, agus Michael Barry Ó Flatharta, Feidhmeannach Ríomhaireachta, agus an tAonad Aistriúcháin agus Ateangaireachta cúnamh agus comhairle dúinn le linn an tionscadail.

Tá muid buíoch d'fhoireann agus do Bhord Stiúrtha Fios Físe, Eilís Ní Dhúill and Siobhán Ní Mhaoilchiaráin san áireamh, a thacaigh leis an tionscadal seo.

Ar deireadh, tá muid buíoch do rannpháirtithe an tionscadail taighde seo. Is iad sin gach duine a ghlac páirt sna grúpaí fócais, gach duine ar phainéal Fios Físe, agus gach duine a líon an suirbhé oscailte ar líne.

Chuir an comhlacht aistriúcháin, Europus, leagan Béarla den téacs ar fáil. Tá muid buíoch do Chaomhán Ó Scolaí a rinne dearadh na tuarascála.



Faoi na hÚdair

- ▶ Ceann Aonad Léann na Cumarsáide, Acadamh na hOllscolaíochta Gaeilge, Ollscoil na hÉireann, Gaillimh é Aodh Ó Coileáin, BA, LL.B, LL.M. Tá cúlra aige sna meáin agus san iriseoireacht, bhí sé ina Eagarthóir Cláir Nuachta i TG4 tráth a bunaíodh an stáisiún in 1996. Chaith sé seal ag obair mar Eagarthóir Stiúrtha Nuachta le RTÉ Raidió na Gaeltachta.
- ▶ Tá an Dr Seathrún Ó Tuairisg ina cheann ar Aonad na Teicneolaíochta Faisnéise, Acadamh na hOllscolaíochta Gaeilge, Ollscoil na hÉireann, Gaillimh. Tá cúlra sna heolaíochtaí agus sa teicneolaíocht aige, agus tá sé freisin ag feidhmiú mar Stiúrthóir Eatramhach ar Fios Físe, tionscadal a fhiosraíonn dearcadh phobal labhartha na Gaeilge i leith TG4 agus RTÉ Raidió na Gaeltachta.

Achoimre Fheidhmeach

Déantar cur síos sa tuarascáil seo ar thionscadal taighde a d'fhiosraigh dearchtaí agus tuairimí phobal na Gaeilge faoin soláthar nuachta atá ar fáil dó. Baineadh úsáid as modhanna measctha — idir shuirbhéanna agus ghrúpaí fócais — chun rannpháirtithe an tionscadail a cheistiú faoi na foinsí nuachta atá in úsáid acu, na fáthanna go dtéann siad chuig na foinsí sin, a gcuid tuairimí faoin soláthar nuachta trí Ghaeilge, agus a gcuid mianta faoinar mhaith leo a fheiceáil sa tairiscint nuachta Gaeilge amach anseo. Bhí béim ar leith sa tionscadal seo ar sholáthar nuachta TG4, agus dearchtaí an phobail ina leith.

Léirítear i dtorthaí an taighde gur ar líne a fhaigh-eann formhór na ndaoine a gcuid nuachta — bíodh is gur ar na soláthróirí traidisiúnta atá tromlach ag triail. Cé go bhfuil daoine óga níos gníomhaí ar líne, léirítear anseo go bhfuil tromlach na ndaoine i ngach aoisghrúpa anois ag dul i ngleic go rialta le foinsí nuachta ar líne. Feiceann muid go bhfuil éileamh láidir ann do sheirbhís nuachta trí Ghaeilge, ach nach gceaptar go bhfuil an soláthar atá ann dóthanach chun riachtanais an phobail a shásamh.

Tá TG4 láidir ag freastal ar riachtanais an déimeagrafaigh níos sine, agus tá an dream níos óige ag éileamh soláthar nuachta san áit ina bhfuil siadsan gníomhach — den chuid is mó ar líne agus ar na meáin shóisialta. Tá curtha in iúl ag an lucht féachana go bhfuil soláthar nuachta níos mó agus níos leithne uathu — agus gur mhaith leo go ndéanfadh TG4 an tairiscint atá acu a leathnú amach i dtéarmaí ama agus ábhair. Tá nuacht áitiúil de dhíth ar an lucht féachana agus ceaptar go bhfuil TG4 go maith á dhéanamh seo. Is mian leo go dtógfaí ar an láidreacht seo agus go rachfaí amach agus go bhfeicfeadh siad agus go gcloisfeadh siad níos mó faoina bpobal féin.

Ní léir go mbreathnaítear ar sholáthar náisiúnta agus idirnáisiúnta TG4 mar láidreacht atá ag an stáisiún, agus ní bhreathnaítear air mar stáisiún a ghineann nuacht, mar a bhreathnaítear ar fhoinsí eile. Dá bharr, feictear

éileamh láidir d'iriseoireacht iniúchta chun é seo a bhaint amach, ceangailte le breis forbartha ar chláir cúrsaí reatha cosúil le 7 *Lá*. Táthar ag iarraidh go mbeidh na cláir nuachta, agus na hiriseoirí, níos gníomhaí agus ag briseadh scéalta ar na meáin shóisialta, go háirithe Twitter. In ainneoin go bhfuil leibhéal sástachta ard trí chéile i leith chaighdeán an tsoláthair nuachta i nGaeilge tá éileamh ann do bhreis infheistíochta a dhéanamh chun na forbairtí seo a bhaint amach.

Taispeántar go bhfuil tairiscint shainiúil de dhíth ó phobal sainiúil — ní leor na scéalta céanna atá a dtabhairt i mBéarla a léiriú arís i nGaeilge. Tá dearcadh eile, ar ábhar difriúil, agus ó áiteanna níos faide i gcéin, uathu.

Tá éileamh fós ar na hardáin thraidisiúnta mar fhoinsí nuachta do phobal na Gaeilge — go háirithe d'aoisghrúpaí níos sine. Ach tá tábhacht shuntasach ag baint leis an spás ar líne — á thiomáint cuid mhaith ag na meáin shóisialta, go háirithe Twitter — agus aithnítear dá bharr go bhfuil láithreacht láidir ar líne de dhíth le freastal ar an gcóhórt níos óige.

1 Comhthéacs

Tá earnáil na nuachta faoi thionchar próiseas claochlaithe, de thoradh forbairtí teicneolaíochta ar líne, rochtain fhorleathan ar ghléasanna cumhachtacha cumarsáide, agus fás na líonraí sóisialta (Ji, 2019). Tá rogha níos leithne foinsí nuachta ar fáil, mar nach gá go mbeadh tomhaltóirí nuachta srianta ag foinsí nuachta áitiúla ná náisiúnta a thuilleadh, agus tá níos mó cosáin rochtana chucu freisin. Ní gá do lucht féachana dul chuig foinsí nuachta traidisiúnta chun a gcuid nuachta a fháil ach an oiread — tá líon na ndaoine atá ag úsáid comhbhailitheoirí nuachta ag fás, agus is gné thábhachtach de thórdhreach na nuachta anois iad (Lee & Chyi, 2015).

Mar thoradh air seo, tá ilroinnt shuntasach tagtha ar an lucht féachana agus éisteachta (Tewksbury, 2005), agus de réir mar a fhorbraíonn daoine nósanna sonracha maidir le roghnú nuachta, is ea is cosúla a bheidh siad ag fáil a gcuid nuachta faoin ábhar céanna agus ó na foinsí céanna. Tá lucht éisteachta agus lucht féachana ag caitheamh níos lú ama leis na soláthróirí nuachta traidisiúnta. Is níos cosúla freisin go bhfaighidh daoine tuairimí daoine eile, seachas soláthróirí traidisiúnta nuachta trí na meáin shóisialta (go háirithe ar ardáin líonraí sóisialta), agus gur ag imirt tionchair ar a chéile atá tomhaltóirí nuachta (Lee & Ma, 2012). Tá na hathruithe seo go léir ag imirt tionchair ar iompraíocht an phobail agus iad ag tóraíocht nuachta. In Eanáir 2021, fuair 80% de Mheiriceánaigh a gcuid nuachta ó ghléasanna digiteacha (Shearer & Mitchell, 2021) — i gcomparáid le 54% in 2013, agus 72% in 2016 (Matsu & Lu, 2016).

Tá castachtaí breise ag teacht chun solais nuair a bhreathnaítear ar an soláthar nuachta atá ar fáil do mhionteanga. Tá níos mó deiseanna ag an bpobal mionteanga a gcuid nuachta a fháil níos minice, ó pheirspictíochtaí éagsúla, agus uaireanta ag leibhéal níos doimhne, ó fhoinsí nuachta na mórtheanga. Tá tionchar suntasach ag na forbairtí teicneolaíochta ar líne seo — go háirithe an fás atá tagtha ar líonraí sóisialta, ach freisin an t-éileamh atá ar ghléasanna soghluaiste — ar an soláthar nuachta domhanda. Má tá claochlú tagtha ar an múnla seachadta nuachta, le hiliomad foinsí nuachta ar fáil anois, agus ar iompraíocht an phobail agus iad ag dul i ngleic leis an soláthar seo, b'fhiú a fhiosrú céard atá ag titim amach i bpobal na Gaeilge.

Is beag eolas a fhoilsítear faoi iompraíocht phobal na Gaeilge i leith na meán. Ar ndóigh tá na meáin féin i mbun taighde ar bhonn leanúnach faoina lucht féachana agus éisteachta, faoina gcuid úsáideoirí ar na hardáin dhigiteacha agus a gcuid léitheoirí. Ní roinntear an fhaisnéis seo go poiblí, áfach. Tugann an taighde a ndéantar cur síos air sa tuarascáil seo léargas ar iompraíocht phobal na Gaeilge i gcomhthéacs sochtheangeolaíochta na Gaeilge.

2 Aidhmeanna an Tionscadail

I bhfianaise na n-athruithe atá ag tarlú ar an soláthar nuachta go domhanda, bhí muid ag iarraidh breathnú sa tionscadal seo ar an soláthar nuachta agus cúrsaí reatha atá ar fáil ag pobal na Gaeilge, le go bhfeicfeadh muid an raibh na hathruithe céanna i bhfeidhm.

Bhí fúinn iniúchadh a dhéanamh ar cá bhfaigheann pobal na Gaeilge, agus lucht féachana TG4, a gcuid nuachta, agus cé chomh minic a bhfaigheann siad a gcuid nuachta ó na foinsí sin. Bhí spéis againn breathnú ar raon na bhfoinsí nuachta Gaeilge, ach bhí fúinn freisin foinsí ginearálta nuachta phobal na Gaeilge a fhiosrú. Bhí muid ag iarraidh cíoradh a dhéanamh ar céard a cheaptar faoin soláthar nuachta trí Ghaeilge, agus ar dhearcthaí agus tuairimí faoi iriseoireacht trí Ghaeilge.

Bhí spéis againn tuairim an phobail a fháil faoi na difríochtaí, más ann dóibh, sa chlúdach a dhéantar i nGaeilge ar scéalta áitiúla, náisiúnta agus idirnáisiúnta. Bhí suim againn freisin an tionchar atá ag forbairtí teicneolaíochta, líonraí sóisialta agus foinsí nua nuachta ar iompraíocht phobal labhartha na Gaeilge agus iad ag dul sa tóir ar nuacht agus ar chúrsaí reatha a mheas.

Bhí sé i gceist an staidéar seo a dhíriú ar spriocghrúpaí ar leith de chuid phobal labhartha na Gaeilge. Bhí muid ag iarraidh breathnú an raibh patrúin dhifriúla iompraíochta le feiceáil i measc aoisghrúpaí éagsúla. Ní léir go bhfuil aoisghrúpaí níos óige chomh dílis sin do na soláthróirí traidisiúnta nuachta agus atá an dream atá níos sine agus bhí uainn é seo a fhiosrú. Bhí muid ag iarraidh dearcthaí mhuintir na Gaeltachta a chur i gcomparáid leo siúd atá lonnaithe lasmuigh den Ghaeltacht. Bhí muid freisin ag iarraidh iarracht a dhéanamh a ndearcthaí siúd nach mbaineann úsáid as na foinsí traidisiúnta nuachta a fhiosrú — agus na cúiseanna atá acu leis seo. Bhí spéis againn freisin iarracht a dhéanamh labhairt leo siúd nach dtéann i ngleic le foinsí nuachta Gaeilge go minic.

Ar deireadh, bhí muid ag iarraidh deis a thabhairt don phobal a gcuid tuairimí féin a chur in iúl faoi na forbairtí ar mhaith leosan a fheiceáil sa soláthar nuachta trí Ghaeilge sa todhchaí, agus d'fhonn go mbeadh soláthróirí nuachta in ann seirbhís níos fearr a thairiscint.

3 Dearadh Taighde & Modheolaíochtaí

Baineadh úsáid as modhanna measctha (Bulsara, 2015) i gcur chuige modheolaíochta agus dearaidh taighde an tionscadail. Socraíodh ar thrí mhodh bailithe sonraí a úsáid chun na ceisteanna taighde a bhí againn a chíoradh — grúpaí fócais chun iniúchadh domhain a dhéanamh ar iompraíocht na spriocgrúpaí, suirbhé ar phainéal tiomnaithe atá ionadaíoch ar phobal labhartha na Gaeilge go náisiúnta, agus suirbhé oscailte chun iarracht a dhéanamh cur leis an stór sonraí atá againn, agus freisin chun deis a thabhairt don phobal aiseolas a thabhairt faoi na mianta atá acu féin i leith an tsoláthair nuachta. D’úsáid muid triantánú (Olsen, 2004; Jonsen & Jehn, 2009) idir na modhanna éagsúla seo chun iontaofacht na dtorthaí a threisiú.

3.1 Spriocphobal an Taighde

Is iomaí sainmhíniú atá ar phobal na Gaeilge agus pobal labhartha na Gaeilge, agus ceann de na dúshláin ba mhó a bhain leis an tionscadal ná daoine ionadaíoch ar an spriocphobal a raibh spéis againn iontu a aimsiú. Tá pobal na Gaeilge scaipthe go forleathan. Tá siad le fáil sa dá dhlínse ar oileán na hÉireann, agus thar lear freisin. Cé go bhfuil tromlach phobal labhartha na Gaeilge lonnaithe sa Stát, is cohórt tábhachtach iad lucht éisteachta agus lucht féachana na gcraoltóirí Gaeilge atá lonnaithe i dTuaisceart Éireann. Chuige seo bhí muid ag iarraidh tuairimí na nGaeilgeoirí sa dlínse sin a fháil freisin. Bhí spéis againn chomh maith i dtuairimí daoine le Gaeilge thar sáile, mar gur tomhaltóirí nuachta le Gaeilge iad, agus mar go bhfuil fáil acu (ar líne) ar ábhar ó fhoinsí nuachta Gaeilge in Éirinn.

Is minic a úsáidtear cumas teanga, nó cé chomh minic a labhraítear an teanga, mar chritéir chun an pobal teanga sin a shainiú. In ainneoin go ndeir 1,761,420 duine sa Stát go bhfuil siad in ann Gaeilge a labhairt, thug 111,473 duine le fios go labhraíonn siad Gaeilge go seachtainiúil, agus 73,803 duine go labhraíonn siad Gaeilge go laethúil¹. Úsáideann an tionscadal Fios Físe suim an dá fhigiúr seo, 185,276 duine, mar shainiú ar chroíphobal labhartha na Gaeilge sa Stát. Tá cur chuige eile cumais in úsáid sa daonáireamh i dTuaisceart Éireann, bunaithe ar thuiscint, léitheoireacht agus scríbhneoireacht na Gaeilge. Deir 64,847 duine i dTuaisceart Éireann go bhfuil siad in ann an teanga a labhairt, a scríobh agus a thuiscint².

¹ An Phríomh-Oifig Staidrimh, <https://www.cso.ie/en/releasesandpublications/ep/p-cp10esil/p10esil/gag/>

² Gníomhaireacht Thuaisceart Éireann um Staitisticí agus Taighde, <https://www.nisra.gov.uk/publications/2011-census-key-statistics-northern-ireland>

D’úsáid muid an cur chuige céanna sa suirbhé oscailte agus a úsáideadh sa Daonáireamh (2016) agus atá in úsáid i suirbhéanna Fios Físe chun cumas teanga an spriocphobail a mheas — is é sin, cé chomh minic a labhraítear Gaeilge (go laethúil nó go seachtainiúil) — ionas go mbeadh muid cinnte gur ag labhairt leis an gcohort céanna a bhí muid. Chomh maith leis sin, glacann Fios Físe le baill le cumas teanga B2 (bunaithe ar Chomhchreat Tagartha na hEorpa um Theangacha³) nó os a chionn. Chinntigh muid gur chainteoirí líofa a bhí i mbaill na ngrúpaí fócais — is é sin go raibh na baill sin in ann páirt ghníomhach a ghlacadh sa phlé.

De bhrí gur ag staidéar iompraíocht an phobail maidir le cúrsaí nuachta a bhí muid, ba iad pobal labhartha na Gaeilge (laethúil agus seachtainiúil) le spéis acu i gcúrsaí nuachta agus i gcúrsaí reatha (tomhaltóirí nuachta) an spriocphobal ba thábhachtaí dúinn sa tionscadal seo. Ní raibh sé chomh tábhachtach dúinn go mbeadh cur amach ag gach duine sna spriocghrúpaí ar an soláthar nuachta trí Ghaeilge. Go deimhin, bhí muid ag iarraidh an foghrúpa sin a cheistiú faoi na cúiseanna a bhí acu nach raibh siad ag dul i ngleic le foinsí nuachta Gaeilge.

Tá foghrúpaí éagsúla laistigh den spriocphobal seo. Tá déscaradh le feiceáil go minic in iompraíocht phobal (Gaeilge) na Gaeltachta agus phobal na Gaeilge lasmuigh de na ceantair sin. Is mar gheall ar an déscaradh iompraíochta seo a roghnaigh muid foghrúpaí éagsúla do na grúpaí fócais, agus gur cuireadh an cheist shainiúil faoi bheith lonnaithe sa Ghaeltacht sa suirbhé oscailte. Bhí muid freisin ag iarraidh labhairt le pobal féachana TG4 mar go raibh cuid mhaith den taighde seo dírithe ar sholáthar nuachta TG4, go háirithe an pobal féachana ar spéis leo cúrsaí nuachta, mar go raibh moltaí chun feabhais uainn ón dream seo maidir leis an soláthar nuachta atá á chur ar fáil dóibh.

3.2 Grúpaí Fócais

Baintear leas as grúpaí fócais i dtaighde cáilíochtúil in iarracht tuiscint dhomhain a fháil ar iompar spriocghrúpaí ar leith. Aithnítear go bhfuil buntáistí suntasacha ag baint le grúpaí fócais agus faisnéis a d’fhéadfadh a bheith casta agus coimpléascach á bailiú:

“[F]ocus group work has some quasi-unique affordances, these include: mitigating the researcher’s authority and generating deeper understandings; disclosing the constitutive power of discourse and the lifeblood of social activity; approximating the natural; filling in knowledge gaps and saturating understanding; drawing out complexity, nuance, and contradiction; disclosing eclipsed or invisible connections....”

—Kamberelis & Dimitriadis, 2013: 85

³ <https://www.coe.int/en/web/common-european-framework-reference-languages/level-descriptions>

Chuige seo rinneadh dearcadh agus tuairimí sampla de phobal na Gaeilge a mheas trí ghrúpaí fócais a chur ar bun. Cinneadh go mbunófaí na ceisteanna a chuirfí ar phainéal Fios Físe agus sa suirbhé oscailte ar líne ar an bhfaisnéis a bhaileofaí ó na grúpaí fócais. Rinneadh comhrá treorach a dhearadh le haghaidh na ngrúpaí fócais. Míníodh an cháipéis threorach d'fhoireann taighde de chúigear ó Aonad Léann na Cumarsáide, Acadamh na hOllscolaíochta Gaeilge, Ollscoil na hÉireann, Gaillimh. Aontaíodh nach gcuirfí ceist ar chairde ná ar dhaoine a bhí gaolta leis na taighdeoirí féin páirt a ghlacadh sna grúpaí fócais. Ní thabharfaí cuireadh ach an oiread do dhaoine a bhí ag obair go díreach i réimse na hiriseoireachta.

GRÚPA FÓCAIS	COHÓRT	DÁTA
Grúpa 1	35+, Lonnaithe sa Ghaeltacht	22/12/21
Grúpa 2	Faoi 35, Lasmuigh den Ghaeltacht	04/03/21
Grúpa 3	35+, Lonnaithe sa Ghaeltacht	12/03/21
Grúpa 4	Faoi 35, Lonnaithe sa Ghaeltacht	12/03/21
Grúpa 5	35+, Lasmuigh den Ghaeltacht	23/03/21
Grúpa 6	Faoi 35, Lasmuigh den Ghaeltacht	07/04/21

Tábla 3.1: Comhdhéanamh na ngrúpaí fócais agus na dátaí a réachtáladh iad

Socraíodh freisin go n-aimseofaí sé ghrúpa agus idir triúr agus cúigear i ngach grúpa. Ghlac 24 duine ar fad páirt sna grúpaí fócais. Bhí na grúpaí seo dealaithe de réir aoise agus de réir tíreolaíochta mar seo a leanas: faoi bhun 35 bliain d'aois agus cónaí orthu sa Ghaeltacht; os cionn 35 bliain d'aois agus cónaí orthu sa Ghaeltacht; daoine faoi bhun 35 bliain agus cónaí orthu lasmuigh den Ghaeltacht; agus daoine os cionn 35 bliain d'aois agus cónaí orthu lasmuigh den Ghaeltacht. Réachtáladh na grúpaí fócais go cianda ag úsáid Microsoft Teams idir an 22 Feabhra agus an 7 Aibreán 2021. Tá cur síos ar na grúpaí fócais éagsúla i dTábla 3.1.

3.3 Painéal Fios Físe


Tionscadal é Fios Físe atá bunaithe ag Ollscoil na hÉireann, Gaillimh mar thoradh ar phróiseas comhairliúcháin le TG4 agus le RTÉ. Bunaíodh an tionscadal le tomhas a dhéanamh ar an tóir agus ar an éileamh atá ag pobal labhartha na Gaeilge ar TG4 agus ar RTÉ Raidió na Gaeltachta. Faigheann TG4 staitisticí féachana seachtainiúla ó TAM Ireland Nielsen agus faigheann RTÉ staitisticí rialta ó JNLR maidir le Raidió na Gaeltachta. Baineann na staitisticí sin le pobal féachana agus éisteachta na gcraoltóirí in Éirinn trí chéile. Tá sé mar aidhm ar leith le Fios Físe faisnéis agus tuairimí a bhailiú maidir le pátrúin féachana agus éisteachta phobal labhartha na Gaeilge ar fud na hÉireann, thuaidh agus theas. Tá an Painéal oscailte do phobal labhartha

na Gaeilge ó cheann ceann na tíre mar sin. Tógann comhdhéanamh an Phainéil scaipeadh tíreolaíoch, próifíl dhéimeagrafach agus inniúlacht teanga san áireamh ionas go bhfuil sé ionadaíoch ar phobal labhartha na Gaeilge. Seoltar dialanna (suirbhéanna) faoi sceideal TG4 agus RTÉ Raidió na Gaeltachta amach chuig baill Fios Físe gach maidin Dé Luain. Tugtar seachtain dóibh chun an dialann a chomhlánú, agus seoltar torthaí na hanailíse chuig na craoltóirí. Tá 500 duine ar an bpainéal.⁴

Mar chuid den tionscadal seo cuireadh roinnt ceisteanna breise, a bhí bunaithe ar aiseolas ó na Grúpaí Fócais, sna dialanna idir an 8 Márta agus an 28 Márta 2021. Bhí sé mar aidhm againn cíoradh breise a dhéanamh leis an gcur chuige seo ar cheisteanna a tháinig aníos sna grúpaí fócais, agus bhí muid ag iarraidh freisin comparáid a dhéanamh idir torthaí an tsuirbhé oscailte (féach thíos) agus suirbhé Fios Físe, le go bhfeicfeadh muid an raibh na torthaí ag teacht lena chéile, agus chun iontaofacht na sonraí a chinntiú.


3.4 An Suirbhé Oscailte

Dearadh suirbhé cuimsitheach (42 ceist, le meascán de cheisteanna oscailte agus dúnta ann) chun cabhrú linn sonraí éagsúla a bhailiú ó spriocghrúpaí ar leith. Bhí roinnt aidhmeanna ag an suirbhé oscailte seo. Bhí sé i gceist go bhfeidhmeodh sé mar thacar cuimsitheach sonraí eile don taighde. Bhí muid ag iarraidh tuairimí foghrúpaí déimeagrafacha eile, nach raibh páirteach sna Grúpaí Fócais ná ar Phainéal Fios Físe, a fháil. Thug an modh bailithe eolais seo deis dúinn iontaofacht na gconclúidí a threisiú trí chrostagairtí a dhéanamh leis na modhanna eile. Bhí muid freisin ag iarraidh deis a thabhairt do dhaoine tuairimí a chur in iúl agus moltaí a chur ar aghaidh faoin gcineál soláthair nuachta i nGaeilge ar mhaith leo a fheiceáil sa todhchaí, go háirithe soláthar nuachta agus cúrsaí reatha TG4.



Figiúr 3.1: Dáileadh tíreolaíochta i measc fhreagróirí an tSuirbhé Oscailte

⁴ Suíomh Idirlín Fios Físe, www.fiosfise.ie



Figiúr 3.2: Dáileadh aoise i measc fhreagróirí an tSuirbhé Oscailte

Crochadh an suirbhé ar shuíomh idirlín Ollscoil na hÉireann, Gaillimh, agus rinneadh iarracht an nasc chuig an suirbhé a scaipeadh go forleathan i measc phobal labhartha na Gaeilge — ar oileán na hÉireann agus thar lear. Bhí meascán de cheisteanna cainníochtúla (dúnta) agus cáilíochtúla (oscailte) ann. Bhí deis an suirbhé a líonadh idir an 18 Márta agus an 31 Márta 2021.

Chríochnaigh 819 duine an suirbhé. Bhí comhdhéanamh inscne na bhfreagróirí (54% mná, 46% fir, 0.25% neamh-dhénártha) gar go maith de bheith ionadaíoch ar an bpobal náisiúnta. Bhí scaipeadh tíreolaíochta na bhfreagróirí sásúil, seachas go raibh freagróirí ó Chúige Mumhan beagáinín íseal (16%). Bhí 34% de na freagróirí lonnaithe sa Ghaeltacht. Bunaithe ar an anailís a rinne muid ar shonraí na bhfreagróirí, chinn muid gan ualú a chur i bhfeidhm ar na torthaí. Tá dáileadh na bhfreagróirí de réir aoise agus de réir

Dáileadh Tíreolaíochta		Dáileadh Aoise	
Baile Átha Cliath	167 (20%)	Faoi 18	8 (1%)
Cúige Laighean	105 (13%)	18-34	237 (29%)
Cúige Uladh	121 (15%)	35-54	372 (46%)
Cúige Mumhan	129 (16%)	55+	198 (24%)
Cúige Chonnacht	261 (32%)		
Lasmuigh d'Oileán na hÉireann	33 (4%)		
Inscne		Gaeltacht/Lasmuigh	
Fir	371 (46%)	Sa Ghaeltacht	279 (34%)
Mná	438 (54%)	Lasmuigh den Ghaeltacht	531 (66%)
Neamh-dhénártha	2 (<1%)		

Tábla 3.2: Sonraí faoi fhreagróirí an tSuirbhé Oscailte

ceantair thíreolaíochta le feiceáil i bhfigiúirí 3.1 agus 3.2, agus tá sonraí éagsúla eile faoi na freagróirí i dTábla 3.2.

3.5 Iontaofacht Sonraí

Bhí a fhios againn go mbeadh sé deacair tacar sonraí mór go leor a fháil a bheadh ionadaíoch ar na spriocphobail a bhí faoi staidéar (thuaslúaithe). Chuige seo baineadh úsáid as triantánú sonraí (Olsen, 2004) chun iontaofacht an taighde a threisiú. Is cur chuige é seo ina mbaintear úsáid as modhanna éagsúla chun sonraí a bhailiú agus ansin déantar comparáid eatarthu le cinntiú go bhfuil na torthaí a eascraíonn astu ag teacht lena chéile, agus dá bharr gur féidir iontaofacht na gconclúidí a chinntiú.

Mar aon le gach tionscadal taighde, tá sé tábhachtach a bheith coinsiasach faoi na claonta a d'fhéadfadh a bheith sna torthaí mar thoradh ar an dearadh taighde. Rinne muid iarracht a bheith san airdeall ar na claonta seo a leanas go léir agus muid ag déanamh na hanailíse.

Tá comhdhéanamh na bpainéal sna grúpaí fócais agus na bhfreagróirí don suirbhé oscailte i measc na bhfoinsí is mó claonadh. Bhí sé deacair baill a fháil chun freastal ar na grúpaí fócais, agus bhí muid ag brath ar líonraí sóisialta (neamhtheicneolaíochta) chun dóthain daoine a fháil a chomhlíon na critéir éagsúla a bhí leagtha síos againn. Má dhéantar seo bíonn bagairt ann go bhfaightear daoine le tuairimí comhchosúla atá in ann torthaí a chur as riocht, rud a thugtar laofacht roghnúcháin air. Sheachain muid é seo oiread agus ab fhéidir mar gur chinntigh muid, chomh mór agus a d'fhéadfaí, nach raibh aithne ag baill ar a chéile.

Caithfear a bheith ar an airdeall faoi chlaonta atá ag dul le torthaí a bhaineann le húsáid teicneolaíochta ar líne nuair atá na sonraí go léir á mbailiú ar líne. Reáchtáladh na grúpaí fócais go cianda ag úsáid an bhogearra físchumarsáide Microsoft Teams, is ar líne a bhí suirbhé Fios Físe agus an suirbhé oscailte, agus is ar líne, den chuid is mó, a rinneadh poiblíocht ar an tionscadal taighde (earcaíocht na ngrúpaí fócais agus scaipeadh an tsuirbhé oscailte san áireamh). Mar sin, d'fhéadfadh sé go bhfuil claonadh sna torthaí i gceisteanna ar bith a bhaineann le hiompraíocht ar líne (foinsí nuachta ar líne, leibhéal úsáide d'ardáin ar líne, srl), agus gach seans gur uasmhéid é ráta nó céatadán ar bith atá tugtha do leibhéal úsáide d'ardáin ar líne. Freisin, d'fhéadfadh sé nach bhfuil an meáchan cuí tugtha do dhearcthaí iad siúd nach bhfuil inniúil ar chúrsaí teicneolaíochta. Bhí muid coinsiasach faoi seo san anailís agus sna conclúidí.

Tá claonadh ag cuid de phobal na Gaeilge a bheith dílis d'eagraíochtaí a dhéanann freastal orthu trí Ghaeilge. Is buntáiste a bhí anseo agus muid ag iarraidh ar dhaoine eolas a roinnt linn, agus moltaí a sheoladh chugainn. Ar an lámh eile, bíonn orainn a bheith cúramach ag tarraingt conclúidí ó thorthaí na gceisteanna a bhaineann le rátaí sástachta agus a leithéid, mar go bhféadfadh siad a bheith boilscithe de bheagán.

Is suirbhé anaithnid a bhí sa suirbhé oscailte, agus mar sin d’fhéadfadh baill de chuid phainéal Fios Físe an suirbhé oscailte a líonadh dá mba mhian leo. Ach, má tharla sin, bhí líon freagartha an tsuirbhé oscailte chomh hard sin nár cheart go mbeadh tionchar thar na bearta ag baill Fios Físe ar fhreagraí an tsuirbhé oscailte.

D’úsáid muid suirbhé oscailte mar mhodh amháin bailithe sonraí. Is nasc ar líne a bhí ann a bhí beo ar feadh coicíse. Ní raibh aon chosc ar na freagróirí an tsuirbhé a líonadh níos mó ná uair amháin, dá mba mhian leo iarracht a dhéanamh torthaí an tsuirbhé a chur i dtreo amháin nó i dtreo eile. In ainneoin seo, mar gheall ar nádúr na gceisteanna a bhí muid a fhiosrú sa tionscadal, ní fhacthas go raibh aon bhuntáiste ag freagróirí an tsuirbhé oscailte a líonadh níos mó ná uair amháin agus torthaí an tsuirbhé a chur ar sceabha. Ní fhaca muid aon phatrúin sna torthaí a léireodh gur líon duine nó daoine an tsuirbhé níos mó ná uair amháin — bíodh sin i ndáileadh na bhfreagraí ar na ceisteanna dúnta nó i bhfoclaíocht na gceisteanna oscailte.

Ní líonann mórán daoine suirbhé atá go hiomlán i nGaeilge mura bhfuil siad compordach ag léamh na Gaeilge, agus — i gcás na gceisteanna oscailte — ag scríobh i nGaeilge. Tá sé seo amhlaidh le suirbhé Fios Físe agus an tsuirbhé oscailte. I gcás an tsuirbhé oscailte, d’fhreagair idir 200 agus 300 duine na ceisteanna oscailte, i gcomparáid le idir 700 agus 800 duine a d’fhreagair an chuid is mó de na ceisteanna dúnta. Fiú má thógtar san áireamh go líonann níos mó daoine ceisteanna dúnta ná ceisteanna oscailte i suirbhéanna mar seo, tá an bhearna sin fós suntasach. D’fhéadfaí a rá go raibh sciar suntasach de fhreagróirí an tsuirbhé oscailte níos compordaí ag tabhairt freagraí ar na ceisteanna dúnta ná na ceisteanna oscailte. Ní gá go dtabharfadh sé seo le fios go bhfuil na freagróirí ionadaíoch ar phobal labhartha na Gaeilge níos leithne, ach bheadh údar imní againn dá mbeadh an figiúr a líon na ceisteanna oscailte i nGaeilge chruinn, shothuigthe níos gaire do 700 nó 800.

Is i nGaeilge amháin a bhí an tionscadal seo á reáchtáil. Cé go ndearna muid iarracht béarlagair a sheachaint oiread is féidir agus muid ag reáchtáil na ngrúpaí fócais agus ag dearadh ceisteanna, uaireanta ní raibh de rogha againn ach téarmaíocht ar leith a úsáid le go mbeadh muid in ann ceisteanna ar leith a bhaineann leis an réimse casta a bhí faoi chaibidil a chíoradh. Bhí muid cúramach agus muid ag déanamh anailíse ar na ceisteanna oscailte, agus gan freagraí a áireamh san anailís mura raibh sé soiléir ón gcomhthéacs céard a bhí ar intinn ag an bhfreagróir. Mar shampla, d’fhéadfadh gur clár *RTÉ News* nó coincheap ‘RTÉ News’ a bhí i gceist ag an té a scríobh ‘Nuacht RTÉ’, seachas an clár *Nuacht RTÉ*. I gcás eile, ba mhinic go raibh sé soiléir gur ionann na téarmaí “iriseoireacht iniúchta” agus “briseadh nuachta” nó “briseadh scéalta” sna freagraí.

Thug muid faoin tionscadal taighde seo i lár paindéime. Tá sé deacair tionchar na paindéime ar iompraíocht an phobail mar atá sí leagtha amach sa

tuarascáil seo a mheas. Níl aon cheist ach go mbeadh an cur chuige modheolaíochta a d'úsáid muid — nó ar a laghad cur i bhfeidhm na ngrúpaí fócais — éagsúil murach Sars-CoV-2. Más ag luasghéarú athruithe iompraíochta i bpobal na Gaeilge atá an phaindéim, bheifí ag súil go mbeadh conclúidí an taighde seo fós bailí nuair a thiocfaidh laghdú ar na srianta atá orainn faoi láthair.


3.6 Nótaí faoin anailís

Baineadh úsáid as an mbogearra Snap Survey chun sonraí na gceistneoirí ó phainéal Fios Físe agus an suirbhé oscailte a phróiseáil. Mar go raibh dáileadh na bhfreagróirí — i dtéarmaí inscne, aoise agus dáileadh tíreolaíochta — sách gar do bheith ionadaíoch ar an gcomhdhéanamh náisiúnta chinn muid gan ualú a dhéanamh ar na torthaí sin. Rinneadh briseadh síos ar cheisteanna éagsúla de réir inscne, aoise, agus a bheith lonnaithe sa Ghaeltacht/lasmuigh den Ghaeltacht, ag brath ar chomhthéacs na gceisteanna.

Leanadh an gnáthchur chuige i gcás anailís a dhéanamh ar na ceisteanna oscailte (Bryman, 2006; Singer & Couper, 2017). Cruthaíodh catagóirí éagsúla a bhí bunaithe ar ábhar na ceiste agus ar na freagraí a tháinig chun cinn. Rinneadh na catagóirí a rangú de réir minicíochta agus cuireadh na torthaí seo i láthair i bhfoirm néal focal nó tábla. Rinne muid ráitis ar leith a asbhaint mar fhreagraí a bhí ionadaíoch ar thuairimíocht a tháinig chun cinn go minic sa cheist sin, nó i gceisteanna eile. D'úsáid muid ráitis eile mar gur chinn muid gur chuimsigh siad meon na bhfreagraí a bhain leis an gceist. Tá cuid de na sleachta athfhriotail sin leabaithe sa téacs, tá cuid acu curtha i bhfoirm táblaí agus liostaí, agus tá cuid eile léirithe i bhfoirmeacha níos físiúla sa tuarascáil seo. Ba léir gur chuir go leor freagróirí go leor machnaimh agus ama isteach ag tabhairt freagraí ar na ceisteanna éagsúla, agus is oth linn nach raibh spás againn níos mó den tuairimíocht seo a chur i láthair — mar a scríobhadh é — sa cháipéis seo.

4 Foinsí Nuachta phobal na Gaeilge

Bhain cuid mhaith den tionscadal seo le hiniúchadh a dhéanamh ar conas a théann pobal na Gaeilge i ngleic le cúrsaí nuachta, cá bhfaigheann siad a gcuid nuachta, agus ar na patrúin nua atá ag teacht chun cinn mar gheall ar fhorbairtí ar líonraí sóisialta. Shocraigh muid roghanna éagsúla d’ardáin nuachta a úsáid inár gcuid ceisteanna. Bhí sé ríshoiléir go mbeadh an teilifís, an raidió agus nuachtáin chlóite ina measc, ach is spás casta atá sa tairiscint nuachta ar líne. Tá láithreacht ag formhór na soláthróirí nuachta sa tír ar ardáin éagsúla ar líne mar thacaíocht don tseirbhís atá á craoladh acu. Tá soláthróirí nuachta eile ag feidhmiú go hiomlán ar líne. Shocraigh muid idirdhealú a dhéanamh idir ardáin nuachta ar líne (suíomhanna idirlín agus mar sin de) agus na meáin shóisialta. Chuir muid rogha amháin eile — “suíomhanna eile ar líne” — ar fáil sa cheist ar fhaitíos go mbeadh foinsí neamhthraidisiúnta nuachta eile in úsáid. Bhí samplaí den chineál ardáin (mar shampla www.independent.ie do ‘ardáin nuachta ar líne’) luaite in aice le gach rogha sa cheist, ionas go mbeadh tuiscint níos fearr ag an bhfreagróir ar bhrí na ceiste. Thuig muid go bhféadfadh sé seo claonadh a thabhairt don fhreagróir, ach mheas muid go raibh sé níos tábhachtaí go mbeadh tuiscint iomlán ag an bhfreagróir ar an eolas a bhí uainn.



Figiúr 4.1: “Cé chomh minic a fhaigheann tú do chuid nuachta ó na foinsí seo a leanas?” Freagraí daoine a roghnaigh “i gcónaí” nó “go minic” ón suirbhé oscailte, iomlán agus briste síos de réir aoisghrúpa. 660-740 freagra tugtha. “Ó am go ham” agus “go hannamh” agus “riamh” na roghanna eile a bhí sa cheist.

Nuair a ceistíodh iad siúd a líon an suirbhé oscailte, dúirt 93% de fhreagróirí gur foinse nuachta dóibh an raidió, ina measc 87% de dhaoine idir 18-34 bliain d’aois, agus 97% de dhaoine os cionn 55 bliain d’aois. Ní raibh aon difríocht shuntasach sa bhriseadh síos de réir inscne agus réigiún tíreolaíochta. Thug 88% le fios gur foinse nuachta dóibh an teilifís, céatadán a d’ísligh go 82% de fhreagróirí atá idir 18-34 bliain d’aois.

D’fhiosraigh muid freisin cé chomh minic a bhaineann freagróirí úsáid as ardáin éagsúla mar fhoinsí nuachta. Tá na torthaí seo le feiceáil i bhFigiúr 4.1. Dúirt 79% de fhreagróirí go bhfaigheann siad a gcuid nuachta i gcónaí nó go minic ó ardáin nuachta ar líne. Bhí an figiúr seo níos airde d’ardáin nuachta ar líne ná d’aon ardán eile, raidió (73%) agus teilifís (68%) san áireamh. D’fhreagair 61% go bhfaigheann siad a gcuid nuachta i gcónaí nó go minic ó na meáin shóisialta. Ní dúirt ach 29% de na freagróirí go bhfaigheann siad a gcuid nuachta i gcónaí nó go minic ó na nuachtáin chlóite, ach is léir, mar a fheictear in áiteanna eile sa tuarascáil seo, go bhfuil éileamh fós ar ábhar scríofa ar líne.

Tá briseadh síos na dtorthaí de réir aoisghrúpaí le feiceáil san fhigiúr céanna. Bhí éileamh níos mó ar an raidió agus ar an teilifís mar ardán nuachta i measc aoisghrúpaí níos sine. Mar a bheifeá ag súil leis, baintear níos mó úsáide as na meáin shóisialta mar fhoinsí nuachta i measc daoine idir 18-34 bliain d’aois. D’fhreagair 77% de dhaoine idir 18-34 bliain d’aois “i gcónaí” nó “go minic”, i gcomparáid le 62% de dhaoine idir 35-54 bliain d’aois, agus 40% de dhaoine os cionn 55 bliain d’aois.

Bhí ceist oscailte ceangailte leis an gceist seo a thug deis do na freagróirí foinsí eile a lua. Bhain iolracht na bhfreagraí le cairde, clann nó comharsana mar fhoinsí nuachta. Bhí “podchraoltaí” luaite go minic mar fhoinsí nuachta, agus bhí www.peig.ie agus www.nos.ie i measc na bhfoinsí eile a bhí luaite freisin.

Is léir ó na torthaí seo go bhfuil éileamh fós ar na hardáin thraidisiúnta nuachta, an teilifís agus an raidió, fiú i measc aoisghrúpaí níos óige. Is léir freisin go bhfuil níos mó daoine ag triail ar ardáin ar líne lena gcuid nuachta a fháil, i measc gach aoisghrúpa, ach go háirithe i measc an dream is óige.

4.1 Stáisiúin teilifíse

Cuireadh an cheist sa suirbhé oscailte céard iad na stáisiúin teilifíse is minice a bhíonn in úsáid mar fhoinsí nuachta, agus tugadh seacht rogha sa cheist: RTÉ, TG4, BBC, Virgin Media Channel 4, Sky News agus UTV/ITV. De réir na dtorthaí a tháinig ar ais (féach Figiúr 4.2), faigheann 74% de na daoine a d’fhreagair an suirbhé oscailte a gcuid nuachta teilifíse i gcónaí nó go minic ó RTÉ, agus 55% i gcónaí nó go minic ó TG4. Ní raibh teanga na nuachta luaite leis an gceist seo, agus sa chomhthéacs sin is díol suntais é go raibh éileamh TG4 chomh hard sin mar fhoinsí nuachta. Bhí bearna mhór idir an dá

	<i>lomlán</i>	<i>15-34</i>	<i>35-54</i>	<i>55+</i>	<i>Bean</i>	<i>Fear</i>	<i>Gaeltacht</i>	<i>Eile</i>
RTÉ	74	69	73	79	76	71	80	70
TG4	55	47	52	70	54	56	63	51
BBC	17	9	14	33	13	20	14	18
Virgin Media	15	18	14	13	18	11	16	14
Channel 4 News	9	4	10	15	7	12	9	9
Sky News	8	9	7	14	8	8	7	8
UTV/ITV	4	4	4	7	4	5	3	5

Figiúr 4.2: “Más foinse nuachta duit an Teilifís, cé chomh minic a fhaigheann tú do chuid nuachta ó na stáisiúin seo a leanas?” Torthaí (%) a roghnaigh “i gcónaí” nó “go minic” ón Suirbhé Oscalte, briste síos de réir catagóirí éagsúla. “Ó am go ham”, “go hannamh”, agus “riamh” na roghanna eile a bhí acu. 657 (Channel 4) go 745 (TG4) freagra tugtha.

mhórchraoltóir seo agus an chéad chainéal eile is mó éileamh — BBC ag 17% — agus bhí Virgin Media níos ísle fós ag 15%. Tá sé spéisiúil go bhfuil Virgin Media níos ísle mar fhoinsé nuachta ná BBC do phobal labhartha na Gaeilge trí chéile (ach níl sé seo amhlaidh i measc iad siúd atá idir 18-34 bliain d’aois).

Tugadh deis do na freagróirí stáisiún eile a roghnú freisin dá mba mhian leo (d’fhéadadh freagróirí níos mó ná stáisiún amháin a roghnú), agus thug 56% as an 154 duine a thug freagra ar an gceist seo le fios go mbreathnaíonn siad ar CNN i gcónaí nó go minic mar fhoinsé nuachta. Dúirt 20% go mbreathnaíonn siad ar Al Jazeera, agus bhí Euronews, France 24 agus RT (cainéal Rúiseach) i measc na stáisiún eile a luadh os cionn 10 n-uaire.

4.2 Stáisiún raidió


	<i>lomlán</i>	<i>18-34</i>	<i>35-54</i>	<i>55+</i>	<i>Bean</i>	<i>Fear</i>	<i>Gaeltacht</i>	<i>Eile</i>
RTÉ RnaG	59	57	54	68	57	61	74	51
RTÉ Radio 1	52	32	56	70	51	54	55	51
Raidió Áitiúil	20	20	21	19	22	19	23	19
Newstalk	16	15	18	15	13	20	17	16
Today FM	12	15	16	2	15	9	10	14
RTÉ 2FM	10	20	8	3	15	5	9	11
Raidió na Life	5	10	2	3	4	6	3	6

Figiúr 4.3: “Más foinse nuachta duit an Raidió, cé chomh minic a fhaigheann tú do chuid nuachta ó na stáisiúin seo a leanas?” Torthaí (%) a roghnaigh “i gcónaí” nó “go minic” ón Suirbhé Oscalte, briste síos de réir catagóirí éagsúla. “Ó am go ham”, “go hannamh”, agus “riamh” na roghanna eile a bhí acu. Idir 660 (Raidió na Life) agus 765 (RTÉ Raidió na Gaeltachta) freagra tugtha.

Fearacht cheist na stáisiún teilifíse, iarradh ar fhreagróirí an tsuirbhé oscailte cé chomh minic a fhaigheann siad a gcuid nuachta ó liosta stáisiún raidió a cuireadh ar fáil dóibh. Léirítear na freagraí, de réir aoise, inscne agus ar laistigh

nó lasmuigh den Ghaeltacht a bhí freagróirí lonnaithe, i bhFigiúr 4.3. Luaigh 59% go bhfaigheann siad a gcuid nuachta i gcónaí nó go minic ó RTÉ Raidió na Gaeltachta. Luaigh 52% de na freagróirí go bhfaigheann siad a gcuid nuachta i gcónaí nó go minic ó RTÉ Radio 1. Mar aon leis na sonraí ón gceist chéanna faoi na stáisiúin teilifíse, bhí bearna shuntasach idir na mórchraoltóirí seo agus stáisiúin raidió áitiúla (20%) agus Newstalk (16%). Tá sé suntasach go bhfuil an bearna chomh mór idir RTÉ Raidió na Gaeltachta agus Newstalk, nuair a chuirtear san áireamh gur foinsí nuachta neamhspleách ar theanga atá i gceist, agus gur stáisiún iomlán tiomnaithe do chúrsaí nuachta, spóirt agus cúrsaí reatha é Newstalk. Is fiú a lua go bhfuil difríocht le feiceáil idir an t-éileamh atá ar RTÉ Raidió na Gaeltachta (57%) agus RTÉ Radio 1 (32%) mar fhoinsí nuachta i measc daoine atá idir 18-34 bliain d’aois. Níl an pátrún seo le feiceáil i measc aoisghrúpaí níos sine.

4.3 Na cláir raidió agus teilifíse nuachta is mó éileamh



Figiúr 4.4: “Liostaigh na príomhchláir theilifíse [ar chlé, 499 a d’fhreagair] agus raidió [ar dheis, 443 a d’fhreagair] a bhíonn mar fhoinsí nuachta agat”. Torthaí ón Suirbhé Oscailte. Tá gach clár raidió a luadh 5+ huairé le feiceáil ar an léaráid, agus gach clár teilifíse a luadh 10+ n-uaire.

Iarradh ar fhreagróirí an tsuirbhé oscailte na príomhchláir raidió agus teilifíse a bhíonn mar fhoinsí nuachta acu a lua. D’fhéadfadh freagróirí níos mó ná clár amháin a lua. D’fhreagair 443 duine an cheist oscailte seo faoi chláir raidió. Ba ar chlár na maidine a bhí an t-éileamh ba mhó — bhí *Adhmhaidin* agus *Morning Ireland* luaite ag os cionn 100 duine. D’fhreagair 499 duine an cheist chéanna a bhain le cláir theilifíse, agus luaigh 50% díobh siúd a d’fhreagair an cheist gurb é *Nuacht TG4* an clár teilifíse is mó a mbaintear úsáid as mar fhoinsí nuachta. Is *RTÉ Six One* a tháinig sa dara háit ar an liosta de chláir theilifíse nuachta is mó éileamh (31% a luaigh é). Tá gach clár raidió a luadh os cionn 5 huairé agus gach clár teilifíse a luadh os cionn 10 n-uaire (in éineacht leis an méid uaireanta a luadh iad) le feiceáil i bhFigiúr 4.4.

4.4 Seirbhísí nuachta ar líne

	<i>lomlán</i>	<i>18-34</i>	<i>35-54</i>	<i>55+</i>	<i>Bean</i>	<i>Fear</i>	<i>Gaeltacht</i>	<i>Eile</i>
www.rte.ie	61	59	65	58	63	59	62	60
www.tuairisc.ie	59	60	58	57	59	58	61	57
www.irishtimes.ie	54	51	58	49	58	49	53	54
www.journal.ie	39	38	41	37	39	39	38	40
www.rte.ie/Gaeilge	36	34	35	41	35	37	36	35
www.independent.ie	30	37	30	21	37	22	33	29
www.molscéal.ie	26	29	24	24	30	21	34	21
www.examiner.ie	21	18	22	23	21	20	20	21
www.nos.ie	17	22	15	12	16	17	10	20
www.breakingnews.ie	10	6	10	14	13	6	13	8

Figiúr 4.5: “Má fhaigheann tú do chuid nuachta ó sheirbhísí nuachta ar líne, cé chomh minic a théann tú chuig na suíomhanna seo a leanas?” Torthaí (%) a roghnaigh “i gcónaí” nó “go minic” ón Suirbhé Oscailte, briste síos de réir catagóirí éagsúla. “Ó am go ham”, “go hannamh”, agus “riamh” na roghanna eile. 622 (www.breakingnews.ie) go 712 (www.tuairisc.ie) freagra tugtha.

Dúirt 92% de na freagróirí (765 san iomlán) ar an suirbhé oscailte go mbaineann siad úsáid as seirbhísí nuachta ar líne mar fhoinse nuachta agus cúrsaí reatha. Dúirt 86% de dhaoine os cionn 55 bliain d’aois gur foinse nuachta dóibh seirbhís nuachta ar líne. Léiríonn Figiúr 4.5 na seirbhísí nuachta ar líne is mó éileamh de réir fhreagraí an tsuirbhé oscailte. I measc na bhfoinsí is mó éileamh bhí www.rte.ie (61% a d’úsáid mar fhoinse nuachta é i gcónaí nó go minic). Spéisiúil go leor, luaigh 59% de fhreagróirí (712) ar an suirbhé oscailte go dtéann siad chuig www.tuairisc.ie i gcónaí nó go minic, agus bhí an líon a roghnaigh www.tuairisc.ie níos airde ná www.irishtimes.ie (54%), www.journal.ie (39%), www.independent.ie (36%) agus www.examiner.ie (21%). Nuair a tugadh deis do fhreagróirí foinsí eile a lua, ba iad suíomhanna an Guardian (23%), BBC News (23%), New York Times (11%) agus CNN (5%) na cinn ba mhinice a luadh i measc an 207 duine a d’fhreagair an cheist.

“Faighim an Washington Post agus an Guardian ar líne agus leanaim nascanna ó iriseoirí ar Twitter.” —Bean, 35-54, Baile Átha Cliath, Fios Físe

4.5 Na Meáin Shóisialta

Dúirt 82% go n-úsáideann siad na meáin shóisialta mar fhoinse nuachta, figiúr a d’ardaigh go 91% i measc daoine idir 18-34 bliain d’aois. Bhí an figiúr ard (68%) fiú i measc iad siúd atá os cionn 55 bliain d’aois. D’iarr muid ar fhreagróirí sa suirbhé oscailte céard iad na hardáin meán sóisialta is mó a mbaineann siad úsáid astu mar fhoinse nuachta, as rogha de sheacht gcinn a cuireadh ar fáil dóibh: Twitter, Facebook, WhatsApp, Instagram, YouTube,

	<i>lomlán</i>	<i>18-34</i>	<i>35-54</i>	<i>55+</i>	<i>Bean</i>	<i>Fear</i>	<i>Gaeltacht</i>	<i>Eile</i>
Twitter	63	69	67	43	63	62	58	65
Facebook	46	48	44	48	49	42	54	42
WhatsApp	22	18	23	28	22	22	23	22
Instagram	19	31	16	5	26	11	22	18
YouTube	17	20	14	16	15	20	18	17
Snapchat	5	10	2	1	7	4	10	3
TikTok	4	8	1	0	4	3	6	3

Figiúr 4.6: “Má bhaineann tú úsáid as na meáin shóisialta mar fhoinsé nuachta agus cúrsaí reatha, cé chomh minic a théann tú chuig na suíomhanna seo a leanas chun do chuid nuachta a fháil?” Torthaí (%) a roghnaigh “i gcónaí” nó “go minic” ón Suirbhé Oscailte, briste síos de réir catagóirí éagsúla. “Ó am go ham”, “go hannamh”, agus “riamh” na roghanna eile a bhí acu. 584 (Snapchat) go 664 (Facebook) freagra tugtha.

Snapchat agus TikTok. Is ardán cumarsáide/teachtaireachtaí atá in WhatsApp agus breathnaítear ar na hardáin eile mar láithreáin líonraithe shóisialta, ach chinn muid úsáid WhatsApp a fhiosrú mar go bhfuil sé aitheanta mar fhoinsé nuachta (Valenzuela et al., 2019; Bozcek, 2020), agus is léir go mbíonn daoine ag roinnt ábhair lena chéile ó fhoinsí nuachta eile ar WhatsApp. Tá na torthaí seo le feiceáil i bhFigiúr 4.6.

Tá Twitter ar an ardán is mó úsáid — 63% a dúirt go n-úsáideann siad é i gcónaí nó go minic mar fhoinsé nuachta. Luaigh 69% de dhaoine idir 18-34 bliain d’aois agus 43% de dhaoine os cionn 55 bliain d’aois go mbaineann siad úsáid as an ardán sin mar fhoinsé nuachta i gcónaí nó go minic. Tá níos mó daoine óga ná daoine níos sine ag úsáid ardáin eile seachas Twitter agus Facebook (cosúil le Instagram, Snapchat agus TikTok) mar fhoinsí nuachta, agus is díol suntais é go bhfuil Instagram luaite ag 31% de dhaoine idir 18-34 bliain d’aois, le hais 5% de dhaoine níos sine. Tá sé cloiste againn sna grúpaí fócais go bhfuil Instagram coitianta go maith mar fhoinsé nuachta i measc daoine níos óige, agus luaitear Instagram go minic i bhfreagraí ar na ceisteanna oscailte a thagann ón aoisghrúpa is óige.

Dúirt 46% go mbaineann siad úsáid as Facebook i gcónaí nó go minic mar fhoinsé nuachta. Is léir ón anailís a rinne muid ar na ceisteanna oscailte go bhfuil Facebook fós tábhachtach mar fhoinsé nuachta do phobal labhartha na Gaeilge, ach is léir freisin go bhfuil laghdú ag teacht ar an leibhéal úsáide a bhaintear as Facebook i measc an aoisghrúpa is óige.⁵

“Déan iarracht ardú próifíle a dhéanamh ar na príomhthuarisceoirí atá agaibh ar na meáin shóisialta, ach go háirithe ar Twitter, tá Seán Mac an tSíthigh ar fheabhas air agus beidh sé deas níos mó éagsúlachta a fheiceáil.” Fear, 35-54, Baile Átha Cliath, Suirbhé Oscailte

⁵Teens, Social Media & Technology 2018, Pew Research Centre, <https://www.pewresearch.org/internet/2018/05/31/teens-social-media-technology-2018/>

D'iarr muid ar fhreagróirí an tsuirbhé oscailte céard iad na cuntais nuachta is mó a lean siad ar na meáin shóisialta. Is ceist oscailte a bhí anseo, agus ba léir go raibh tuiscintí éagsúla ar an mbrí a bhí ag freagróirí ar an bhfocal 'cuntas'. Níor sonraíodh i gcónaí ar cuntas Facebook, Twitter, Instagram, srl. a bhí i gceist nuair a freagraíodh an cheist. Tar éis na hanailíse, chonaic muid gur luadh cuntas *www.tuairisc.ie* níos minice ná aon chuntas eile (33 uair as 336 freagra tugtha). Tugadh suntas freisin don mhéid uaireanta a luadh iriseoirí ar leith — leithéidí Richard Chambers, Gavan Reilly agus Seán Mac an tSíthigh, go háirithe. Is iriseoirí iad seo le líon mór leantóirí ar na meáin shóisialta. Luadh an focal "iriseoirí" go minic freisin mar fhreagra ar an gceist seo. Is léir go bhfuil spéis ag lucht labhartha na Gaeilge ina bhfuil le rá ag iriseoirí ar na meáin shóisialta.

"Ó na meáin shóisialta i dtosach a fhaighim mo chuid nuachta déarfainn ... faighim 'updates' ó RTÉ agus thejournal.ie agus mar sin de, agus ansan ar Nuacht TG4 is dócha agus Nuacht RTÉ ar an teilifís, agus raidió ansin ina dhiaidh sin agus sna nuachtáin. Ní fhaighim aon nuachtán anois ach ag an deireadh seachtaine, so is ar na meáin shóisialta is mó a fhaigheann mise nuacht."

—Bean os cionn 35 bliain d'aois ón nGaeltacht, Grúpa Fócais

4.6 Conclúidí faoi Fhoinsí Nuachta

Tugann na torthaí thuasluaite léargas dúinn ar iompraíocht an 819 duine a líon an suirbhé oscailte agus cá bhfaigheann siad a gcuid nuachta. Tá éileamh fós ar na mórchráoltóirí Gaeilge agus Béarla mar fhoinsí nuachta agus cúrsaí reatha. Chonaic muid thuas nach raibh éileamh an-mhór ar nuachtáin chlóite mar fhoinsí nuachta i measc iad siúd a d'fhreagair an suirbhé oscailte. Bheadh sé seo ag teacht leis na treochtaí náisiúnta agus idirnáisiúnta. Léiríonn staitisticí a bhaineann le ciorclaíocht nuachtán go bhfuil an líon daoine atá ag ceannach nuachtán ag titim ó thús na mílaoise.⁶ Ach tá *www.tuairisc.ie* luaite go minic mar fhoinse nuachta ar líne ag freagróirí an tsuirbhé oscailte, agus feiceann muid ón aiseolas scríofa go bhfuil spéis (fós) ag daoine nuacht trí Ghaeilge a léamh.

Is léir ó na torthaí seo freisin gur foinsí móréilimh iad ardáin nuachta ar líne agus láithreáin líonraithe shóisialta, agus tá suim ag pobal na Gaeilge faoina bhfuil le rá ag iriseoirí ar na hardáin seo. Cé go mbíonn na scéalta céanna á gcráoladh ar na stáisiúin náisiúnta, go minic sceitear an t-eolas níos luaithe ar na meáin shóisialta, nó i bhfoirm atá níos éasca le hionramháil. Tá sé de nós freisin ag iriseoirí iad féin na scéalta a bhriseadh ar líne. Ní léir, ó na

⁶Irish Newspaper Circulation July-Dec 2019 Island of Ireland Report, <https://ilevel.ie/print/irish-newspaper-circulation-july-dec-2019-island-of-ireland-report/>

torthaí seo, gur maith le pobal labhartha na Gaeilge a bheith srianta ag am ar leith chun a gcuid nuachta a fháil — rud a fheiceann muid freisin ón bplé a bhí sna grúpaí fócais: “Rochtain á fáil ar nuacht agus cúrsaí reatha bunaithe ar é a bheith áisiúil, éasca, tapa...ní gá fanacht go dtí 7pm...” (Grúpa Fócais, duine os cionn 35 bl. ón nGaeltacht). Díol spéise gur luaigh rannpháirtithe sa suirbhé oscailte a bhí mar chuid den taighde seo go bhfaigheann siad nuacht ó chuntais phríobháideacha Twitter. Luadh, mar shampla, cuntais phearsanta iriseoirí atá fostaithe le Virgin Media News faoi láthair: Gavan Reilly (157,000 leantóir ar Twitter faoi láthair) agus Richard Chambers (111,500 leantóir ar Twitter faoi láthair).

Tugann freagraí na gceisteanna seo léargas dúinn ar na daoine a líon an suirbhé oscailte. Tá seans láidir ann go bhfuil spéis ag formhór acu i gcúrsaí nuachta, mar gur shocraigh siad suirbhé faoin soláthar nuachta trí Ghaeilge a líonadh. Is léir freisin gur tomhaltóirí iad do thairiscint nuachta TG4 agus RTÉ (raidíó agus teilifís), mar go bhfuil na figiúirí réasúnta ard do na craoltóirí sin. Ag cur san áireamh go bhfuil an claonadh go minic ag croí phobal labhartha na Gaeilge tosaíocht a thabhairt do TG4 agus RTÉ Raidíó na Gaeltachta má thugtar an deis dóibh, tá sé fós suntasach go bhfuil an dá stáisiún seo chomh hard mar fhoinsé nuachta don phobal seo nuair a bhreathnaítear ar an rogha leathan eile atá ar fáil dóibh.

Bhí na ceisteanna a pléadh sa chaibidil seo dírithe ar an soláthar nuachta a bhí ar fáil do phobal na Gaeilge, agus ní raibh teanga na bhfoinsí nuachta luaite againn. Dá luafaí teanga ar leith sa cheist, d’fhéadfaí claonadh a thabhairt isteach sna torthaí sin i dtreo na teanga sin, agus is mar gheall air sin a shocraigh muid gan teanga a lua sna ceisteanna sin. Fós féin, bhí muid coinsiasach go mbeadh an tuiscint ann i measc freagróirí éagsúla (a bhí ag líonadh suirbhé i nGaeilge) gur ag trácht ar fhoinsí nuachta Gaeilge a bhí na ceisteanna sin. Caithfear a bheith airdeallach faoi seo nuair a fheictear chomh minic agus atá TG4 agus www.tuairisc.ie luaite mar fhoinsé nuachta. Díreoidh muid sa chéad chuid eile den tuarascáil seo ar fhoinsí nuachta trí Ghaeilge.

5 An Soláthar Nuachta i nGaeilge

Chomh maith le hiniúchadh a dhéanamh ar na foinsí nuachta ginearálta atá in úsáid ag pobal labhartha na Gaeilge, bhí spéis againn dearcadh an phobail faoin soláthar nuachta Gaeilge atá ar fáil dóibh a cheistiú. D’fhiosraigh muid cá bhfaigheann pobal labhartha na Gaeilge a gcuid nuachta áitiúla agus a gcuid nuachta náisiúnta agus idirnáisiúnta, i nGaeilge, agus d’iarr muid orthu caighdeán an tsoláthair sin a mheas. Fiosraíodh céard a cheapann an pobal faoin gothromaíocht atá tugtha do nuacht idirnáisiúnta, le hais nuacht náisiúnta agus áitiúil. Ceistíodh an pobal níos doimhne faoi ábhair éagsúla a tháinig aníos sna grúpaí fócais maidir le canúintí, réim theanga agus caighdeán Gaeilge na n-aíonna a bhíonn ar chlár nuachta agus cúrsaí reatha.

5.1 Nuacht Áitiúil agus Náisiúnta/Idirnáisiúnta i nGaeilge

	<i>lomlán</i>	<i>15-34</i>	<i>35-54</i>	<i>55+</i>	<i>Bean</i>	<i>Fear</i>	<i>Gaeltacht</i>	<i>Eile</i>
RTÉ RnaG	56	50	55	66	58	56	77	45
TG4	50	47	46	61	54	47	62	44
www.tuairisc.ie	42	40	41	47	44	40	49	38
Twitter	36	42	38	23	37	35	36	37
Nuacht RTÉ	34	29	31	45	38	30	36	33
Facebook	28	31	29	22	32	23	38	23

Figiúr 5.1: “Cé chomh minic a théann tú chuig na foinsí seo chun do chuid Nuachta Áitiúla a fháil i nGaeilge?”. Torthaí (%) a roghnaigh “i gcónaí” nó “go minic” ón Suirbhé Oscailte, briste síos de réir catagóirí éagsúla. “Ó am go ham”, “go hannamh”, agus “riamh” na roghanna eile a bhí acu. Idir 694 (Facebook) agus 785 (RTÉ RnG) freagra tugtha.

Chonaic muid sna grúpaí fócais go bhfuil codarsnacht le brath ag na baill sin idir an soláthar nuachta i leith cúrsaí áitiúla le hais an tsoláthair ar chúrsaí náisiúnta agus idirnáisiúnta, agus bhí fúinn é seo a fhiosrú a thuilleadh sa suirbhé oscailte. Feiceann muid i bhFigiúr 5.1 go bhfaigheann 56% de na daoine a d’fhreagair an suirbhé a gcuid nuachta áitiúla i nGaeilge ó RTÉ Raidió na Gaeltachta i gcónaí nó go minic — an céatadán is airde. Bhí TG4⁷ sa dara háit (50%) agus www.tuairisc.ie sa tríú háit (42%). Luaigh 34% díobh siúd a d’fhreagair an cheist (700 duine nó mar sin — d’fhreagair líon difriúil codanna éagsúla den cheist) go bhfaigheann siad a gcuid nuachta áitiúla i nGaeilge ó *Nuacht RTÉ* i gcónaí nó go minic. Is léir ó na torthaí seo go bhfuil

⁷ Shocraigh muid TG4 a úsáid sa cheist seachas *Nuacht TG4*, mar go bhfuil foinsí eile nuachta ar an stáisiún agus ní raibh muid ag iarraidh castachtaí breise a thabhairt isteach sa cheist.


níos mó tóir ag na freagróirí ar TG4 don nuacht áitiúil ná *Nuacht RTÉ*. Feicfidh muid níos mó den déscaradh seo idir an dá chlár níos déanaí sa tuarascáil.

	<i>lomlán</i>	<i>15-34</i>	<i>35-54</i>	<i>55+</i>	<i>Bean</i>	<i>Fear</i>	<i>Gaeltacht</i>	<i>Eile</i>
TG4	57	56	50	70	58	56	58	57
RTÉ RnaG	56	51	53	66	54	57	67	50
Nuacht RTÉ	46	43	43	55	49	43	46	46
www.tuairisc.ie	42	43	42	42	43	42	42	42
Twitter	38	44	41	22	38	38	38	39
Facebook	23	26	23	19	25	21	29	20

Figióir 5.2: “Cé chomh minic a théann tú chuig na foinsí seo chun do chuid nuachta Náisiúnta agus Idirnáisiúnta a fháil i nGaeilge?”. Torthaí (%) a roghnaigh “i gcónaí” nó “go minic” ón Suirbhé Oscailte, briste síos de réir catagóirí éagsúla. “Ó am go ham”, “go hannamh”, agus “riamh” na roghanna eile a bhí acu. Idir 691 (Facebook) agus 767 (TG4) freagra tugtha.

Bhí bearna níos lú idir TG4 agus *Nuacht RTÉ* sa soláthar nuachta náisiúnta agus idirnáisiúnta. Léiríonn Figióir 5.2 go bhfuil an lámh in uachtar ag TG4 anseo, le 57% de na freagróirí a dúirt gur foinsé nuachta dóibh é sna réimsí sin i gcónaí nó go minic, le hais 46% a luaigh *Nuacht RTÉ*.

Tá éileamh níos airde ar an soláthar nuachta Gaeilge ó na craoltóirí náisiúnta i measc daoine os cionn 55 bliain d’aois i gcomparáid le lucht féachana/éisteachta níos óige. Tá an pátrún seo le feiceáil sa soláthar áitiúil agus náisiúnta/idirnáisiúnta freisin.



Figióir 5.3: Céard é do bharúil ar an gcothromaíocht atá tugtha do scéalta idirnáisiúnta, le hais scéalta náisiúnta agus áitiúla, i gclúdach nuachta ar na hardáin Ghaeilge a leanas? Ar chlé: “Ba mhaith liom níos mó béime a fheiceáil ar scéalta idirnáisiúnta”. Sa lár: “Tá mé sásta leis an gcothromaíocht mar atá”. Ar dheis: “Tá an iomarca scéalta idirnáisiúnta, le hais scéalta náisiúnta agus áitiúla, á gclúdach.” Ceist ar phainéal Fios Físe. 237 duine a d’fhreagair.

Rinne muid iarracht cíoradh níos mine a dhéanamh ar an déscaradh seo idir foinsí nuachta áitiúla, náisiúnta agus idirnáisiúnta le baill phainéal Fios Físe. Cheistigh muid iad faoin gcothromaíocht atá tugtha do scéalta idirnáisiúnta, le hais scéalta náisiúnta agus áitiúla, i gclúdach nuachta i nGaeilge ar an teilifís, an raidió, nuachtáin chlóite agus suíomhanna nuachta Gaeilge. Thug muid trí rogha dóibh, “Ba mhaith liom níos mó béime a fheiceáil ar scéalta idirnáisiúnta”, “Tá mé sásta leis an gcothromaíocht mar atá” agus “Tá an iomarca scéalta

idirnáisiúnta, le hais scéalta náisiúnta agus áitiúla, á gclúdach.” Tá na torthaí le feiceáil i bhFigiúr 5.3. Is sa chlúdach teilifíse a bhí daoine ag iarraidh an t-athrú is mó, le 24% ag iarraidh go mbeadh níos mó béime ar scéalta idirnáisiúnta sa soláthar atá acu, i gcomparáid le 10% a bhí ag ceapadh gur an iomarca béime a bhí ar chúrsaí idirnáisiúnta. Bhí na treochtaí céanna — níos mó daoine ag iarraidh níos mó nuacht idirnáisiúnta — le feiceáil sna sonraí a bhain leis an raidió, na nuachtáin chlóite agus suíomhanna nuachta Gaeilge. Ar an gcéad amharc níl sé soiléir go bhfuil an déscaradh láidir idir nuacht áitiúil agus nuacht eile le feiceáil sna freagraí seo. Ach feictear san anailís a rinne muid ar cheisteanna eile nach ag leibhéal an ardáin atá an déscaradh seo chomh follasach, ach gur idir craoltóirí éagsúla agus cláir éagsúla theilifíse — go sonrach idir *Nuacht TG4* agus *Nuacht RTÉ*⁸.

Léiríonn Tábla 5.1 cuid de na tuairimí a d’eascair ón bplé sna grúpaí fócais agus ó na ceisteanna oscailte sna suirbhéanna. Léiríonn na ráitis seo cuid den tuairimíocht a bhí ag rannpháirtithe an tionscadail seo faoin soláthar nuachta áitiúla, náisiúnta agus idirnáisiúnta trí Ghaeilge.

“Ba mhaith liom go mbeadh clúdach níos fearr i nGaeilge ar nuacht idirnáisiúnta, tá sé riachtanach go mbeimis ag faire amach ar chúrsaí an tsaoil mhóir agus gan bheith ag stánadh ar ár n-imleacáin féin i gcónaí.” Fear, 55+, Cúige Mumhan.

Aiseolas faoin soláthar nuachta áitiúla, náisiúnta agus idirnáisiúnta i nGaeilge

“Ba mhaith liom níos mó ama do chúrsaí nuachta san Eoraip.” — Bean, 55+, Cúige Laighean

“Ba mhaith liom níos mó nuachta/scéalta faoin saol polaitiúil sa Tuaisceart a fheiceáil go rialta.” — Fear, 55+, Cúige Uladh

“Tá TG4 gafa le scéalta i gConamara nó Connacht agus tá RTÉ gafa le scéalta i mBÁC agus Laighean, ach bíonn sé deacair scéalta a fháil faoi cheantracha eile sa tír.”
— Bean, 35-54, Cúige Laighean

“Béim níos mó ar eachtraí taobh amuigh den Ghaeltacht chomh maith.”
— Fear, 55+, Cúige Mumhan

“B’fhéarr liom go mbeadh plé níos doimhne ar na scéalta móra domhanda agus idirnáisiúnta. Tá spás ann don phlé ar rudaí áitiúla ach sílim go bhfuil an iomarca de in amanna. Tábhachtach éadain agus urlabhraithe nua a bheith ann freisin seachas na daoine ceannann céanna arís is arís eile!” — Bean, 18-34, Baile Átha Cliath

“Ba mhaith liom níos mó béime a fheiscint ar scéalta Galltacha - ní mór a admháil ag an dtráth seo go bhfuil an chuid is mó de phobal na Gaeilge ag maireachtaint taobh amuigh den Ghaeltacht agus nuair nach dtugtar aitheantas don mhéid sin bíonn an baol ann go bhfágтар an Gaeilgeoir Galltacha bocht ar an dtrá fholamh...” — Fear, 55+, Cúige Mumhan

⁸ Tagraíonn muid do ‘soláthar nuachta TG4’ sa cháipéis seo mar gur dearcadh an phobail é go bhfuil sé aitheanta go bhfuil soláthar nuachta ag TG4 (in ainneoin gur soláthar RTÉ atá ann).

“Cuardaigh na Gaeil thar lear go bhfuil Gaeilge ar a dtail acu. Leathnaigh an radharc ar an saol.” —Fear, 55+, Baile Átha Cliath

“Cuir níos mó béime ar sholáthar nuachta áitiúla do lucht na Gaeilge timpeall na tíre agus go hidirnáisiúnta. Is gá freastal ar na Gaeltachtaí traidisiúnta ach tá an iomarca béime curtha orthu.” —Fear, 55+, Baile Átha Cliath

“Ní thuigim cén fáth nach mbíonn comhoibriú níos dlúithe idir Nuacht TG4/RTÉ agus seirbhís nuachta RnaG. B’fhearr an freastal iomlán a dhéanfaí ar an lucht féachana/éisteachta dá mbeadh comhoibriú níos mó idir na seirbhísí sin.”
—Fear, 35-54, Cúige Chonnacht

“Is cuma liom ar bhealach éigin cén teanga ina bhfaighim an nuacht náisiúnta agus idirnáisiúnta. Tá fíorthábhacht ag baint leis an nGaeilge sa nuacht áitiúil, an taobh seo tíre, Conamara go háirithe.” —Grúpa Fócais, os cionn 35 bliain d’aois, ón nGaeltacht

Tábla 5.1. Ráitis agus sleachta athfhriotail ó rannpháirtithe an tionscadail seo faoin soláthar nuachta áitiúla, náisiúnta agus idirnáisiúnta trí Ghaeilge.

5.2 Foinsí Digiteacha i nGaeilge




Figiúr 5.4: “Cén fhoinsé dhigiteach is mó a mbaineann tú leas aisti do nuacht Ghaeilge?” Néal focal de na freagraí ar cheist ón suirbhé oscailte. 485 duine a d’fhreagair an cheist.

Cuireadh an cheist “Cén fhoinsé dhigiteach is mó a mbaineann tú leas aisti do nuacht Ghaeilge?” sa suirbhé oscailte. Ba cheist oscailte a bhí anseo, agus bhí saoirse ag freagróirí a rogha téacs a chur ann, agus níos mó ná foinsé amháin a áireamh sa fhreagra, dá mba mhian leo é. Tar éis dúinn anailís a dhéanamh ar an 485 freagra (631 foinsé éagsúil) a tháinig chun cinn, tháinig sé chun solais gur luaigh 238 duine (49% de na freagróirí sa suirbhé oscailte) www.tuairisc.ie mar cheann de na foinsí digiteacha is mó a mbaineann siad leas aisti do nuacht Ghaeilge. Bhí ‘Twitter’ sa dara háit (luaite 119 uair) — ní raibh dóthain eolais tugtha le go mbeadh a fhios againn céard iad na cuntais ar leith a bhí i gceist — agus bhí ‘Facebook’, ‘TG4’ agus ‘RTÉ’ luaite 30, 29 agus 28 uair, faoi seach (féach Figiúr 5.4). Luaigh muid áiteanna eile sa

tuarascáil seo go bhfuil éileamh suntasach ar www.tuairisc.ie i measc phobal labhartha na Gaeilge mar fhoinsé nuachta, agus tá sé le feiceáil arís anseo.

“...dá mbeadh aip cosúil leis an *Irish Times* ag na nuachtáin Ghaeilge, bheinn air an t-am ar fad.” —Fear, faoi bhun 35 bliain d’aois, lasmuigh den Ghaeltacht, Grúpaí Fócáis


5.3 Leibhéal sástachta leis an soláthar nuachta i nGaeilge



Figiúr 5.5: “Cén chaoi a ndéanfa cur síos ar an gclúdach ar nuacht agus ar chúrsaí reatha atá sna foinsí nuachta i nGaeilge?” Torthaí (%) ón Suirbhé Oscailte. Idir 748 (Nuacht RTÉ) agus 779 (RTÉ Raidió na Gaeltachta) freagra tugtha.

Iarradh ar fhreagróirí an tsuirbhé oscailte cén chaoi a ndéanfaid siad cur síos ar an gclúdach ar nuacht agus ar chúrsaí reatha atá sna foinsí nuachta i nGaeilge. Tugadh cúig rogha dóibh: ‘ar fheabhas’, ‘go maith’, ‘measartha’ nó ‘lag’, chomh maith le ‘níl mé cinnte/ní úsáidim’. I gcás TG4, cheap 82% de na freagróirí (778 duine a d’fhreagair) go raibh an soláthar ar fheabhas nó go maith, agus cheap 84% go raibh soláthar RTÉ Raidió na Gaeltachta ar fheabhas nó go maith. Cheap 66% go raibh www.tuairisc.ie ar fheabhas nó go maith, agus 65% a thug le fios gur cheap siad go raibh *Nuacht RTÉ* ar fheabhas nó go maith. Tá na torthaí seo le feiceáil i bhFigiúr 5.5.

5.4 Soláthar Nuachta Gaeilge agus Béarla



Figiúr 5.6: Cén chaoi an ndéanfa comparáid idir na craoltóirí nuachta Gaeilge agus na craoltóirí nuachta Béarla faoi na réimsí seo a leanas? Ceist ar phainéal Fios Físe.

D'iarr muid ar phainéal Fios Físe comparáid a dhéanamh idir an soláthar nuachta áitiúla a thagann ó na craoltóirí Gaeilge agus an tairiscint ó na craoltóirí Béarla. Cheap 85% (féach Figiúr 5.6) go raibh an soláthar nuachta áitiúla i nGaeilge i bhfad níos fearr (57%) nó níos fearr (28%) ná an soláthar i mBéarla. Cheap 5% de na freagróirí go raibh an soláthar níos fearr i mBéarla. Bhí an difríocht idir an soláthar náisiúnta i nGaeilge agus an ceann i mBéarla níos lú — cheap 31% gur níos fearr a bhí an soláthar náisiúnta i nGaeilge, le hais 22% a cheap go raibh sé níos fearr i mBéarla.

“Díreach go sílim go bhfuil ardchaighdeán tríd is tríd ag baint leis an soláthar atá ann cheana, ach is gá cur go mór le seirbhís nuachta cheart a chur ar fáil. Ba bhreá liom dá mbeadh deis ag foireann TG4 iriseoireacht fhiosraitheach a dhéanamh ar scála níos mó.”

— Fear, 18-34, Cúige Uladh

Ach ba é dearcadh phainéal Fios Físe go raibh an soláthar nuachta idirnáisiúnta cuid mhaith níos fearr i mBéarla ná i nGaeilge. 51% den phainéal a cheap go raibh an soláthar nuachta idirnáisiúnta níos fearr nó i bhfad níos fearr i mBéarla, i gcomparáid le 19% a cheap gur níos fearr a bhí an soláthar ó na craoltóirí Gaeilge. Mar a bheifeá ag súil leis, dúirt 92% de fhreagróirí ó phainéal Fios Físe go raibh na craoltóirí Gaeilge i bhfad níos fearr, nó níos fearr, ná na craoltóirí Béarla sa chlúdach a dhéanann siad ar scéalta a bhaineann go sonrach le pobal na Gaeilge. Tugann sé sin léargas dúinn den tuairim atá ag na freagróirí seo ar an bhfreastal atá an soláthar nuachta Béarla ag déanamh orthu mar phobal. Bhí an dearcadh céanna seo le feiceáil sna grúpaí fócais freisin: *“Díreofar isteach níos mó ar chúrsaí Gaeltachta sa nuacht Ghaeilge, sin an difear is mó déarfainn idir an nuacht i nGaeilge agus an nuacht i mBéarla,”* (Grúpa Fócais, os cionn 35 bliain d’aois, ón nGaeltacht).

Sa chomparáid deiridh a d'iarr muid ar phainéal Fios Físe a dhéanamh, dúirt 39% de na freagróirí go bhfuil iriseoireacht iniúchta á déanamh níos fearr ag na craoltóirí Béarla, i gcomparáid le 26% a cheap gur níos fearr a bhí iriseoireacht iniúchta á déanamh ag na craoltóirí Gaeilge. Feicfear níos déanaí sa tuarascáil seo go bhfuil éileamh láidir i measc phobal labhartha na Gaeilge go mbeadh níos mó iriseoireacht iniúchta mar chuid den soláthar nuachta Gaeilge.

“Níl spéis dá laghad agam a bheith ag caitheamh mo chuid ama amú trí bheith ag amharc ar na meáin Ghaeilge ar son na cúise ar mhaithe leis an teanga féin ... [seachas] ina measc siúd atá an tsár-iriseoireacht. Is fearr i bhfad 10 mbomaite Channel 4 News nó Sky News nó a leithéidí. Má tá clár maith ann, seans go n-amharcfaidh mé air má bhíonn uain agam air. Mura bhfuil, ní amharcfaidh.” — Fear, 18-34, Cúige Uladh

“De ghnáth bíonn an Ghaeilge ceithre uair an chloig níos déanaí ná an Béarla so de ghnáth bíonn an nuacht faighte agam...”


— Fear, faoi bhun 35 bliain d’aois, lasmuigh den Ghaeltacht.

5.5 Canúintí, Teanga agus Cumas Teanga

Bhí an Ghaeilge atá le cloisteáil sna meáin mar ábhar plé sna grúpaí fócais. Thug na baill a gcuid tuairimí faoi réimeanna teanga éagsúla atá in úsáid, dar leo, ar chláir agus ar stáisiúin ar leith, idir raidió agus teilifís. Mar a bheifeá ag súil leis ó phobal labhartha na Gaeilge, bhí tuairimí láidre acu faoi chaighdeán na Gaeilge atá le cloisteáil, go háirithe le linn agallamh agus díospóireachtaí, agus bhí ceisteanna canúna ag dó na geirbe dóibh freisin. Mar shampla:


“Tá sé an-deacair gach trá a fhreastal mar go bhfuil suim ag daoine ina gceantair féin agus i gclúdach ina gcanúint féin. Ba cheart gníomhú chun suim an phobail a mhúscailt ar bhealach go mbeidh suim níos leithne acu fiú má tá ábhar á phlé i gcanúint eile seachas a gcanúint féin.”

—Fear, 35-54, Cúige Chonnacht, Grúpaí Fócais.



Figiúr 5.7: “An bhfuil tú sásta leis an líon cláir nuachta agus cúrsaí reatha trí Ghaeilge ar an raidió agus ar an teilifís atá le cloisteáil i do chanúint féin?”. Torthaí ó cheist a cuireadh ar phainéal Fios Físe.

D’fhiosraigh muid cuid de na ceisteanna seo le painéal Fios Físe. Nuair a cuireadh an cheist orthu (Figiúr 5.7), dúirt 87% de phainéal Fios Físe go raibh siad sásta leis an líon cláir nuachta agus cúrsaí reatha trí Ghaeilge ar an raidió agus ar an teilifís atá le cloisteáil ina gcanúint féin. Ní gá go dtugann sé seo le fios go bhfuil cothromaíocht ann maidir le canúintí éagsúla na Gaeilge atá le cloisteáil ó na craoltóirí, ach is léir, mura bhfuil an chothromaíocht seo ann, nach gcuireann sé inní rómhór ar phainéal Fios Físe. I measc iad siúd nach raibh sásta leis an gcothromaíocht, thug an t-aiseolas scríofa le fios go mba léir gur a gcanúint féin a bhí siad ag iarraidh a chloisteáil.



Figiúr 5.8: “Ní minic a bhíonn sé éasca aíonna le Gaeilge agus saineolas ar an ábhar atá faoi chaibidil a fháil do chláir nuachta agus cúrsaí reatha chun an t-ábhar a mhíniú don lucht éisteachta/féachana. Uaireanta, bíonn ar léiritheoirí cláir cothromaíocht a aimsiú idir saineolas agus líofacht teanga an aoí. Sa chomhthéacs seo, cé acu ráiteas thíos a roghnófa?” “B’fhearr liom go mbeadh saineolas an ábhair ag an aoí, fiú mura bhfuil an cur i láthair ó bhéal thar mholadh beirte” (na céatadáin ar chlé). “B’fhearr liom go mbeadh Gaeilge líofa ag an aoí, fiú mura bhfuil an duine ina s(h)aineolaí amach is amach ar an ábhar atá faoi chaibidil” (na céatadáin ar dheis). Torthaí ó cheist ar Phainéal Fios Físe.

Luadh cumas teanga na n-aíonna a ghlac páirt in agallaimh agus i ndíospóir-eachtaí go minic sna grúpaí fócais, agus ba léir go raibh frustrachas ar chuid de na baill mar nach raibh siad in ann iad a thuiscint, nó gur bhain urlabhra na n-aíonna de chaighdeán na craoltóireachta. Dúirt duine amháin ó na grúpaí fócais:

“Tá mé ag ceapadh gur an laigeacht is mó ná ... ní bhíonn a dhóthain saineolaithe acu, ... atá in ann labhairt go cumasach trí mheán na Gaeilge agus dhá bhrí sin tá mé ag ceapadh go gcailleann b’fhéidir an píosa nuachta an bhrí, ... níl mé ag iarraidh a bheith ag féachaint ar agallamh nuair nach bhfuil an té atá ag caint faoi in ann a bheith conspóideach, nó tobann, nó in ann pointí móra a dhéanamh. Agus nuair nach bhfuil an láithreoir in ann ceist dheacair a chur orthu, mar tá a fhios acu nach bhfuil an té atá ag caint leo in ann is dóigh díospóireacht a dhéanamh ar ais leo. ... tá sé uafásach le breathnú air agus ní fiú é agus casfaidh mé as é agus breathnóidh mé ar chainéal nó breathnóidh mé ar dhíospóireacht eile.”

(Grúpa Fócais, faoi 35 bliain d’aois, ón nGaeltacht)

Tuigtear nach minic a bhíonn sé éasca aíonna le Gaeilge agus saineolas ar an ábhar atá faoi chaibidil a fháil do chláir nuachta agus cúrsaí reatha chun an t-ábhar a mhíniú don lucht éisteachta/féachana. Uaireanta, bíonn ar léiritheoirí cláir cothromaíocht a aimsiú idir saineolas agus líofacht teanga an aoí. Leis

sin a fhiosrú a thuilleadh, agus muid coinsiasach go bhfuil sé deacair ar léiritheoirí aionna le Gaeilge a fháil chun labhairt faoi ábhair éagsúla, d'iarr muid ar phainéal Fios Físe arbh fhearr leo go mbeadh saineolas an ábhair ag an aoi, fiú mura bhfuil an cur i láthair ó bhéal thar mholadh beirte, nó arbh fhearr leo go mbeadh Gaeilge líofa ag an aoi, fiú mura bhfuil an duine ina s(h)aineolaí amach is amach ar an ábhar atá faoi chaibidil. Tá torthaí na ceiste le feiceáil i bhFigiúr 5.8. Thug 54% níos mó tábhachta do shaineolas a bheith ag an aoi, fiú más ag éisteacht le Gaeilge bhriste a bheidís. Nuair a bhristear síos de réir inscne é, roghnaigh 58% de mhná go mb'fhearr leo géilleadh do chaighdeán íseal Gaeilge dá bhféadfadh siad léargas níos doimhne a fháil ar an ábhar, agus 50% d'fhir a phioc an rogha sin.

Aiseolas faoin soláthar nuachta áitiúla, náisiúnta agus idirnáisiúnta i nGaeilge

"B'fhearr liom go ndéanfaí freastal ar phobal na Gaeltachta agus go luifeadh pobal na Gaeilge isteach linn. Ní maith liom go gcaithfidh cainteoirí dúchasacha éisteacht le foghlaimeoirí an t-am go léir." —Fear, 18-34, Cúige Mumhan

"Cruinneas teanga: Comhairleoir le cluais ghéar agus foghraíocht cheart. Ó Pheann an Phiarsaigh, 21 Márta mar shampla. Clár iontach. Éist leis na páistí ag aithris na ndánta!"
—Bean, 55+, Cúige Chonnacht

"Measaim go bhfuil ról an-tábhachtach ag foireann Nuachta TG4, chun ardán a thabhairt do na pobail Ghaeltachta agus gach a mbaineann leo i dtaca lena n-iarraichtaí a dteanga a chaomhnú." —Fear, 35-54, Cúige Laighean

"Ba cheart idirdhealú Gaeilge a dhéanamh idir nuacht RTÉ agus Nuacht RnaG/TG4. Ba cheart an caighdeán a bheith ar RTÉ, i nGaeilge sothuigthe don gcainteoir nach cainteoir ó dhúchas iad...Ba cheart gur Gaeilge d'fhíor-ardchaighdeán canúnach a bheadh ar TG4 agus RnaG, i ngach cás, i gcónaí." —Bean, 35-54, Cúige Mumhan

"Ba chóir don lucht craoltóireachta tuiscint nach cainteoirí dúchais iad formhór na gcainteoirí Gaeilge." —Fear, 55+, Cúige Uladh

"Beidh sé deacair teacht ar réiteach a shásaíonn lucht na Gaeltachta agus lucht labhartha na Gaeilge taobh amuigh den Ghaeltacht." —Bean, 35-54, Cúige Mumhan

"I gcás Raidió na Gaeltachta go mór mór agus Nuacht TG4 go pointe, is minic go mbíonn deacracht agam na blasanna a thuiscint. Tá an Ghaeilge foirmeálta chomh maith le bheith i mblas nach bhfuil mé i dtaithí air. Tá sé níos deacra ar RTÉ Raidió na Gaeltachta mar nach bhfuil físeanna agus íomhánna leis." —Faoi 35, Iasmuigh den Ghaeltacht

"Uaireanta bíonn an Ghaeilge a úsáidtear mínádúrtha agus lorg an Bhéarla go mór uirthi. Bheadh sé go hálainn dhá mbeadh a ndóthain muiníne ag na hiriseoirí a bheith dlíis dhá gcanúint féin...tá an lucht féachana cliste agus tuigeann siad go bhfuil canúintí ann, chuirfeadh sé le saibhreas na teanga." —Bean, 35-54, Cúige Chonnacht

"B'fhearr liom níos mó i nGaeilge Uladh. Tuigim go hiomlán nach bhfuil seo i gcónaí praiticiúil." —Fear, 35-54, Tuaisceart Éireann

5.6 Foinsí Eile Nuachta i nGaeilge

Cé gur tugadh liosta de na foinsí nuachta is mó atá in úsáid ag pobal labhartha na Gaeilge agus muid á gceistiú faoin soláthar nuachta, thug muid deiseanna don phobal a gcuid foinsí féin a lua freisin. Tá daoine ag tarraingt ar shuíomhanna cosúil le www.meoneile.ie, www.nos.ie agus www.peig.ie lena gcuid nuachta a fháil. Gineann cuid de na foinsí seo a gcuid nuachta féin, agus is comhbhailitheoirí iad foinsí eile. Tá ailt trí Ghaeilge á leamh i gcuid de na nuachtáin náisiúnta agus áitiúla freisin. Luadh ailt Ghaeilge i nuachtáin Bhéarla, cosúil leis an *Galway Advertiser*, an *Irish Times* agus nuachtáin áitiúla eile. Luadh irisí ar nós *Comhar* mar acmhainn nuachta don phobal: “Is maith liom an meascán de phrós, filíocht agus cúrsaí reatha” a thug duine as Cúige Chonnacht (35-54) le fios faoin iris sin. Is léir gur mhaith le héisteoirí leithéidí Raidió na Life agus Raidió Rí-Rá go mbeadh níos mó nuachta á craoladh orthu, mar atá léirithe sna ráitis seo:

“Bheadh sé go deas níos mó nuachta a chloisteáil ar stáisiúin nuachta a fhreastalaíonn ar Bhaile Átha Cliath. Níos mó cláracha ar Raidió na Life nó Raidió Rí-Rá b’fhéidir ach freisin cláir Ghaeilge ar leithéidí Q102, 98FM, Today FM.”

—Bean, 18-34, Baile Átha Cliath

“Tá Raidió Rí-Rá ag cur réimse leathan ábhar ar ardchaighdeán ar fáil do dhaoine óga. Ba chóir go mbeadh Raidió Rí-Rá ar FM le cinntiú go mbeidh fáil níos éasca ag daoine óga na tíre ar nuacht, cúrsaí reatha, ceol, caint agus níos mó trí Ghaeilge. Is deis iontach a bheadh ann dár muintir óg a bheith tumtha sa teanga agus iad ag éisteacht le hábhar atá oiriúnach agus taitneamhach don aoisghrúpa sin.”

—Fear, 18-34, Baile Átha Cliath

5.7 Conclúidí faoi Fhoinsí Nuachta Gaeilge

Is léir go bhfuil éileamh ann don soláthar nuachta a chuireann RTÉ Raidió na Gaeltachta agus TG4 ar fáil i measc phobal labhartha na Gaeilge. Chonaic muid é seo sa suirbhé oscailte, feiceann muid go rialta é sna torthaí a thagann ó Fios Físe, agus bhí sé follasach san aiseolas ó na grúpaí fócais. Tá na rátaí sástachta réasúnta ard don soláthar reatha freisin, cé go bhfeicfidh muid níos déanaí sa tuarascáil seo go gceaptar go bhfuil sé easnamhach i dtéarmaí ama agus ábhair. In ainneoin nach bhfuil an ráta sástachta chomh hard ag www.tuairisc.ie leis an dá chraoltóir, luaitear an suíomh seo mar cheann de na príomhfhoinsí digiteacha atá ag pobal labhartha na Gaeilge sa suirbhé oscailte. Moltar san aiseolas a fuair muid caighdeán na scríbhneoireachta agus ábhar an tsuímh sin.


Feiceann muid gur foinsí nuachta tábhachtacha iad na soláthróirí nuachta (go háirithe TG4 agus RTÉ Raidió na Gaeltachta) Gaeilge do nuacht áitiúil, ach ceaptar go bhfuil an soláthar náisiúnta agus idirnáisiúnta níos fearr i mBéarla. Tá feicthe againn go gceaptar freisin go bhfuil an soláthar i mBéarla níos fearr i gcás na hiriseoireachta iniúchta ná an soláthar Gaeilge, agus gur tarraingthe i dtreo na bhfoinsí nuachta Béarla (beagnach in aghaidh a dtola) go minic atá pobal labhartha na Gaeilge.

“An rud is mó atá ag ísliú stádas na Gaeilge sa tír ná easpa Gaeilge chlóite/nuachtán nó fiú an méid nuachtán sa tír nach bhfuil iriseoirí le Gaeilge fostaithe acu le haltanna a sholáthar do Ghaeil na tíre.” — Fear, 55+, Cúige Uladh

6 Spreagadh agus Iompar

6.1 Cúiseanna

Dírítear sa chuid seo den tuarascáil ar chuid de na fáthanna a dúradh linn go dtéann rannpháirtithe an tionscadail chuig foinsí éagsúla nuachta, agus cén fáth nach dtéann siad chuig foinsí eile. Déantar cur síos, freisin, ar an ábhar agus ar an eolas atá uathu agus iad ag dul i ngleic le foinsí nuachta agus cúrsaí reatha.



Figiúr 6.1: “Cén fáth go dtéann tú chuig na foinsí nuachta atá luaite agat?” Torthaí ó phainéal Fios Físe. D’fhreagair 172 duine an cheist.

Iarradh ar phainéal Fios Físe cén fáth go dtéann siad chuig na foinsí nuachta a bhí luaite acu. Thar aon chúis eile, is iad na focail “áisiúlacht”, “éascaíocht”, “furasta”, agus focail comhchosúil leo is mó a tháinig chun cinn sna freagraí a luadh (féach an néal focal i bhFigiúr 6.1). Tá tionchar na dtréithe seo le feiceáil sna foinsí nuachta a roghnaíonn siad, agus sna bealaí a dtéann siad i ngleic le cúrsaí nuachta. Tá sé seo follasach i ráiteas ó fhear (18-34) ó Chúige Mumhan: “Tá podchraoltaí RnaG ana-mhaith mar is féidir liom an nuacht a bhaint astu nuair is mian liom”.

Sa dara háit bhí “muinín san ábhar” agus téarmaí gaolmhara (“is féidir brath ar an ábhar”, “foinsí inchreidte” agus mar sin de). Is léir go bhfuil muinín san fhoinsé nuachta tábhachtach do phainéal Fios Físe, agus bhí sé seo le feiceáil freisin ó rannpháirtithe an tsuirbhé oscailte ina gcuid freagraí ar chuid de na ceistanna oscailte. Is téarma suibhachtúil é “muinín”, agus bheifeá ag súil go mbeadh an tréith seo ard go maith ar liosta fáthanna ag formhór an phobail agus iad ag cuardach nuachta. Ach is ag triail ar na craoltóirí náisiúnta agus na foinsí traidisiúnta nuachta den chuid is mó — eagrais atá aitheanta

mar sholáthróirí gairmiúla atá coinsiasach go mbeadh muinín ag an bpobal as an tseirbhís nuachta a chuireann siad ar fáil — atá painéal Fios Físe agus freagróirí ón suirbhé oscailte. Mar sin, tá comharthaí le feiceáil sa taighde seo gur tomhaltóirí grinn, sofaisticiúla nuachta iad an pobal teanga seo.

Tagann cleachtadh, nósmaireacht (“Tá an nós agam anois tuairisc.ie a léamh ar maidin mar gheall go dtagann sé isteach ag mo ríomhphost sula ndúisíonn mé.” Fear, 18-34, Baile Átha Cliath), agus taithí ar ardáin éagsúla (“Tá Molscéal iontach, is breá liom na físeáin ghearra.” Fear, 35-54, Baile Átha Cliath) aníos go minic freisin mar chúiseanna go ndírítear ar ardáin nuachta éagsúla thar a chéile. Mar a bheifeá ag súil leis, tá caighdeán an tsoláthair tábhachtach do thomhaltóirí nuachta freisin: “Sílim gurb é Tuairisc.ie ceann de na cinn is fearr má tá tú ag iarraidh sonraí, bíonn alt maith acu leis na sonraí má tá tú ag iarraidh é a léamh,” a deir duine atá faoi 35 bliain d’aois agus lasmuigh den Ghaeltacht.

Aiseolas samplach faoi na nithe éagsúla a spreagann rannpháirtithe an tionscadail

“B’fhéarr liom mo nuacht a fháil ar líne mar bíonn níos mó eolais agus rogha ann. Tá sé níos éasca dom, freisin, dul ar líne chun nuacht a aimsiú ag aon am seachas a bheith ag suí os comhair na teilifíse ag am áirithe.” —Bean, 18-34, Cúige Laighean

“Nuachtlitir laethúil peig.ie — bíonn na scéalta nuachta ar fad ar fáil in aon áit amháin. Nuachtlitir WhatsApp acu chomh maith.” —Bean, 18-34, Baile Átha Cliath

“Podchraoltaí — mar go dtuigim cén áit a dtagann an fhoinse as agus tuigim tuairimí an duine a chruthaíonn an podchraoladh agus an cúlra atá acu. Tá taobh níos daonna leis.” —Bean, 18-34, Lasmuigh d’Oileán na hÉireann

“Tuairisc.ie (ar fheabhas ar fad); Nuacht RTÉ (údarásach agus scoth na Gaeilge ar an suíomh ach gan bheith iontach ag an deireadh seachtaine) —Fear, 35-54, Cúige Chonnacht

“Is iad Tuairisc agus NÓS an dá fhoinse nuachta Gaeilge a léim gach lá. Is ann atá scéalta ábhartha agus scríbhneoireacht mhaith.” —Fear, 35-54, Cúige Uladh

“An rud gur maith liom faoi Channel 4 News ná go dtumann siad isteach in ábhar ar leith! In ionad dhá nóiméad faigheann tú deich nóiméad agus agallamh ina dhiaidh...déanann siad rudaí idirnáisiúnta chomh maith.” —Faoi 35 bliain d’aois, lasmuigh den Ghaeltacht

“Tá Aip Tuairisc.ie saghas ‘clunky’, dá mbeadh aip cosúil leis an Irish Times ag na nuachtáin Ghaeilge, bheinn air an t-am ar fad.” —Faoi 35 bliain d’aois, lasmuigh den Ghaeltacht

“Tuairisc.ie, faighim ríomhphost laethúil leis na príomhscéalta.” —Bean, 35-54, Baile Átha Cliath

“Faighim nuachtlitir peig.ie gach lá le scéalta an lae. Formhór den am is scéal ar tuairisc.ie atá ann.” —Fear, 18-34, Baile Átha Cliath

6.2 Ábhar agus Eolas atá ón bPobal Labhartha



Figiúr 6.2: “Céard iad na hábhair, scéalta, nó eolas ar leith atá uait nuair a théann tú ag lorg nuachta i nGaeilge?” Aiseolas ón Suirbhé Oscailte. Thug 178 duine freagra ar an gceist.

Iarradh sa suirbhé oscailte an raibh ábhair, scéalta, nó eolas ar leith uathu nuair a théann freagróirí ag lorg nuachta i nGaeilge. Tá na torthaí seo le feiceáil sa néal focal i bhFigiúr 6.2. Tháinig cúrsaí teanga (Gaeilge) agus cúrsaí Gaeltachta go mór chun cinn mar ábhair a raibh spéis ag na freagróirí iontu. D’fhéadfadh go raibh baint ag foclaíocht na ceiste leis seo (bhí sé deacair gan an focal ‘Gaeilge’ a áireamh sa cheist), ach tá sé aitheanta go bhfuil spéis ar leith ag an bpobal teanga sa teanga féin. D’fhéadfadh baint a bheith idir “cúrsaí Gaeltachta” luaite san fhiúir thuas agus “nuacht áitiúil”, mar gur féidir glacadh leis gur ionann go minic (ach ní i gcónaí) an dá rud do mhuintir na Gaeltachta.

I measc na n-ábhar eile a bhí luaite go minic bhí an t-oideachas agus foghlaim, nuacht idirnáisiúnta, agus cúrsaí spóirt. Ba mhínic freisin gur luaigh freagróirí gur ábhar uathúil, nó difriúil den tairiscint atá ar fáil i mBéarla, a bhí uathu agus iad ag cuardach ábhar nuachta. Bhí an dearcadh seo le brath sna comhráite leis na grúpaí fócais, agus sna freagraí a tháinig ón suirbhé oscailte: “Rud éigin éagsúil ó nuacht an Bhéarla — bíonn níos mó ná aistriúchán uaim,” mar a thug fear ó Chúige Chonnacht le fios.

6.3 Conclúidí faoi Spreagadh agus iompar

Tá comhghaol láidir idir na hardáin nuachta a roghnaíonn daoine le húsáid agus na nithe a spreagann iad chun dul ag tóraíocht nuachta. Mar aon le pobal ar bith eile, tá pobal labhartha na Gaeilge faoi thionchar na sochaí comhaimseartha. Le hiliomad rudaí ar a n-aire, tá siad ag iarraidh go mbeidh sé éasca teacht ar nuacht agus cúrsaí reatha. Níl siad ag iarraidh a bheith srianta ag amanna ar leith lena gcuid nuachta a fháil. Tá siad ag iarraidh fáil éasca a bheith acu ar na foinsí nuachta is fearr leo, agus níl siad ag iarraidh an iomarca ama a chaitheamh ag aimsiú na scéalta atá uathu (ná á léamh, go minic). Tá sé seo follasach i bhFigiúr 6.1 ina bhfeictear na cúiseanna atá tugtha

acu go dtéann siad chuig na foinsí a luaigh siad. Tá an oiread sin úsáide á baint as ardáin ar líne mar fhoinsí nuachta mar go luíonn sé leis an gcaoi a gcaitheann pobal labhartha na Gaeilge a gcuid ama, agus sin é an fáth go bhfuil siad ag iarraidh go mbeidh láithreach níos mó ag na foinsí nuachta Gaeilge ar líne (feicfidh muid níos mó faoi seo maidir le soláthar TG4 thíos).

Tá freagraí spéisiúla tugtha sa cheist a chuir muid maidir le hábhar, eolas nó scéalta atá ó rannpháirtithe an tionscadail nuair a théann siad ag lorg nuachta i nGaeilge. Is ceist chaolchúiseach í, agus d’fhéadfadh laofacht roghnúcháin a bheith ag imirt tionchair ar na freagraí a fuair muid. Tá a fhios againn (Figiúr 5.6) go gceapann rannpháirtithe an tionscadail go bhfuil an soláthar nuachta áitiúla níos fearr i nGaeilge ná i mBéarla, agus ceaptar go bhfuil an rud céanna amhlaidh le nuacht a bhaineann leis an nGaeilge (agus, is féidir glacadh leis, le cultúr agus sochaí an phobail teanga). Mar sin luíonn sé le réasún go rachadh pobal labhartha na Gaeilge chuig na foinsí nuachta Gaeilge chun nuacht faoi na réimsí seo a fháil, agus feiceann muid go bhfuil sé sin amhlaidh i bhfigiúr 6.2. Feiceann muid go bhfuil spéis ag rannpháirtithe an tionscadail seo i nuacht áitiúil, i gcúrsaí a bhaineann leis an teanga, agus i gcúrsaí Gaeltachta, nuair a théann siad chuig foinsí nuachta Gaeilge. Tá spéis acu ina bpobal féin, agus tá siad ag iarraidh scéalta a chlosteáil a bhaineann lena bpobal féin. Feictear go bhfuil na foinsí nuachta Gaeilge go maith chuige seo (nó ar a laghad níos fearr ná na foinsí nuachta i mBéarla). Tá sé spéisiúil machnamh a dhéanamh faoi na hábhair *nach bhfuil luaite* i bhfigiúr 6.2, agus fairsinge an fhreastail Gaeilge a fhiosrú sa chomhthéacs sin.

Aiseolas ó Rannpháirtithe an Tionscadail

“Má tá tú ag quartú nuacht náisiúnta agus idirnáisiúnta i nGaeilge, is aistriúchán atá ar an rud atá déanta cheana féin i mBéarla ag RTÉ den chuid is mó a bhíonn ar RnaG agus TG4.”
— Os cionn 35 bliain d’aois, ón nGaeltacht

“Bíonn rudaí a bhaineann leis an gceantar, scéalta áitiúla agus mar sin de ar TG4, seachas mar a bhíonn ar RTÉ, sin an fáth go gcloím leosan.”
— Os cionn 35 bliain d’aois, ón nGaeltacht

“Ciníochas, cearta daonna, teangacha, teaghlaigh gan ach tuismitheoir amháin, cúrsaí idirnáisiúnta, fíis don todhchaí, scéalta faoi chultúr eile.” — Bean, 35-54, Cúige Laighean

“Rud éigin éagsúil ó nuacht an Bhéarla – bíonn níos mó ná aistriúchán uaim.”
— Fear, 35-54, Cúige Chonnacht


“Dearcadh Gaelach ar an saol. Gnáthdhaoine ag labhairt Gaeilge. Cainteoirí dúchais a chlosteáil; na scéalta is déanaí mar gheall ar an nGaeilge/Nuacht Ghaeltachta; eolas faoi dhíospóireachtaí sa Dáil a bhaineann leis an nGaeilge, nó ár gcultúr.” — Bean, 35-54, Cúige Laighean

“Tá suim agam sna healaíona dúchais. Cé go bhfuil na meáin Ghaeilge go maith ag plé le scéalta faoin nGaeilge, ní fhéadfaí an rud céanna a rá faoi na healaíona Gaeltachta.”
— Bean, 35-54, Cúige Chonnacht

7 Dearthaí faoi Sholáthar Nuachta TG4

7.1 Soláthar Nuachta agus Cúrsaí Reatha TG4

Bhain cuid shuntasach den tionscadal seo le hiniúchadh a dhéanamh ar an soláthar nuachta agus cúrsaí reatha a chraoltar ar TG4⁹. Tá dhá phríomhchlár nuachta agus cúrsaí reatha á gcráoladh ar TG4 — clár nuachta, *Nuacht TG4*, agus clár cúrsaí reatha, *7 Lá*. Díritear sa chuid seo den tuarascáil ar dhearcadh an phobail ar sholáthar nuachta TG4, ar na cláir *Nuacht TG4* agus *7 Lá*, agus ar na difríochtaí a cheaptar atá idir an clár nuachta Gaeilge atá á chraoladh ar RTÉ, Nuacht RTÉ, agus Nuacht TG4. Iarradh ar an bpobal moltaí a thabhairt freisin a rachadh chun sochair an tsoláthair nuachta atá ag TG4 agus tugtar léargas ar an aiseolas sa Chaibidil seo freisin.




Figiúr 7.1: “I do thuairim, ar scála 1-5 (1=nil ar chor ar bith, 5=tá go hiomlán), an bhfuil soláthar nuachta agus cúrsaí reatha TG4 ag freastal ar lucht féachana na Gaeilge?” Suirbhé Oscailte. 677 Freagra.

Nuair a cuireadh an cheist faoi chaighdeán an tsoláthair sa suirbhé oscailte, thug 65% de na freagróirí scór 5 nó 4 (na cinn is airde) don fhreastal atá soláthar nuachta agus cúrsaí reatha TG4 á dhéanamh ar lucht féachana na Gaeilge (féach Figiúr 7.1). Bhí sé seo níos airde (76%) i measc freagróirí idir 18-34 bliain d’aois, agus bhí an ráta sin níos airde i measc iad siúd atá lonnaithe lasmuigh den Ghaeltacht (70%) ná i measc mhuintir na Gaeltachta (59%). Thug 70% de mhná scór 4 nó 5 do chaighdeán an fhreastail i gcomparáid le 61% d’fhir.

⁹ Cuireann RTÉ roinnt mhaith den soláthar nuachta ar fáil do TG4. Ní léir go bhfuil an tuiscint sin forleathan i measc rannpháirtithe an tionscadail seo.

Bhí formhór na bhfreagraí ar an gceist a cuireadh sa suirbhé oscailte faoi sholáthar TG4 ar na hardáin dhigiteacha dearfach. Tá na torthaí seo le feiceáil sa néal focal i bhFigiúr 7.2.



Figiúr 7.2: “Cén tuairim atá agat faoi sholáthar nuachta agus cúrsaí reatha TG4 ar na hardáin dhigiteacha?” Aiseolas ón Suirbhé Oscailte. Thug 370 duine freagra ar an gceist.

Aiseolas ó Rannpháirtithe an Tionscadail

“Is gá do Nuacht RTÉ agus TG4 dul in oiriúint ar na hardáin ar líne do phobal an lae inniu leis an gcur chuige céanna gach lá...” —Fear, 18-34, Cúige Chonnacht

“...ba cheart do dhream éigin ceannas a thógáil agus ardán digiteach amháin Gaeilge a chruthú a tharraingeodh ar TG4, Nuacht RTÉ agus RnaG.” —Fear, 35-54, Cúige Chonnacht


“Is maith go scaiptear chuile shórt ar na meáin shóisialta agus is minic a phiocaim suas ar scéal ó Nuacht TG4 ar Twitter. Ní dóigh liom go bhfuil aon ardán nuachta ar líne ag TG4 mar atá ag Nuacht RTÉ, áfach, agus b’fhéidir go gcailltear deis ansin.” —Fear, 18-34, Cúige Uladh

“Ba mhaith liom giotaí nuachta a fheiceáil ar shuíomh idirlín TG4, seachas breathnú siar ar an nuacht iomlán corruair...” —Bean, 35-54, Cúige Mumhan

“I gcoitinne an locht atá agam ar sholáthar nuachta i nGaeilge ar líne ná seo: Má táim ag iarraidh a bheith cinnte an nuacht is déanaí a fháil, agus na mórscéalta ar fad a fháil, caithfidh mé é a fháil i mBéarla.” —Fear, 35-54, Baile Átha Cliath

7.2 Nuacht TG4


Is ceann den dá phríomhchlár nuachta teilifíse do phobal na Gaeilge é *Nuacht TG4*, agus thug muid faoi iniúchadh a dhéanamh ar dhearcadh an phobail féachana i leith an chláir seo. Bhí na ceisteanna faoi *Nuacht TG4* dírithe orthu siúd a líon an suirbhé oscailte. Dúirt 84% de na freagróirí go mbreathnaíonn siad ar an gclár *Nuacht TG4*, cé nár iarr muid orthu cé chomh minic a bhreathnaíonn siad air. Breathnaíonn níos mó de mhuintir na Gaeltachta ar an gclár (88%) ná iad siúd atá lonnaithe lasmuigh den Ghaeltacht (80%), agus dúirt 90% de dhaoine os cionn 55 bliain d’aois go mbreathnaíonn siad air.



Figiúr 7.3: “Má bhreathnaíonn tú ar Nuacht TG4, céard a cheapann tú faoin gclár, ar scála 1-5 (1=ní thaitníonn sé liom, 5=taitníonn sé go mór liom)?” Torthaí ón Suirbhé Oscailte. 689 freagra faighte.

Nuair a iarradh ar fhreagróirí rátáil (idir 1-5, 5=taitníonn sé go mór leo, 1=ní thaitníonn sé leo) a thabhairt do *Nuacht TG4*, thug 30% de na freagróirí scór 5 don chlár, agus thug 44% scór a 4 don chlár (74% a thug 4 nó 5 dó). Thug 83% de dhaoine idir 18-34 bliain d’aois scór 4 nó 5 don chlár, le hais 70% de dhaoine os cionn 55 bliain d’aois. Thaitin *Nuacht TG4* le níos mó daoine lasmuigh den Ghaeltacht (79%) ná le pobal na Gaeltachta (66%). Tá na torthaí seo le feiceáil i bhFigiúr 7.3.

7.3 Moltaí chun Feabhais *Nuacht TG4*



Figiúr 7.4: “An mbeadh aon mholtaí chun feabhais agat i leith an chláir *Nuacht TG4*?”. Aiseolas ón Suirbhé Oscailte. Thug 239 duine freagra ar an gceist, 332 moladh ar an iomlán.

Tugadh deis dóibh siúd a líon an suirbhé oscailte aon mholtaí chun feabhais a bheadh acu i leith an chláir *Nuacht TG4* a chur in iúl. Is léir tar éis na hanailíse, cé go raibh tromlach na bhfreagróirí sásta leis an gclár, go raibh siad ag iarraidh níos mó den tairiscint sin a fheiceáil. Tá na torthaí seo le feiceáil sa néal focal i bhFigiúr 7.4.

Tá “níos mó” luaite i gceithre de na cúig réimse is minice a luaitear — níos

mó nuacht idirnáisiúnta, níos mó scéalta náisiúnta, níos mó iriseoireacht iniúchta, agus níos mó ama tugtha don chlár (agus tá níos mó faoin nGaeltacht le feiceáil níos faide síos an liosta). Is é go mbeadh an clár níos faide, nó go gcráolfaí níos minice é, an moladh ba choitianta a luadh. Bhí níos mó nuacht náisiúnta, agus ansin níos mó nuacht idirnáisiúnta, sa dara háit agus sa tríú háit ar an liosta de na moltaí ba choitianta a luadh. Bhí níos mó iriseoireacht iniúchta go hard ar an liosta de mholtaí chun feabhais freisin. Is léir ón gcomhthéacs gur ionann “scéalta á mbriseadh” agus “iriseoireacht iniúchta” i dtuairimí na bhfreagróirí, agus d’fhéadfaí iad a áireamh go minic mar aon chatagóir amháin. Tá an pointe seo spéisiúil i gcomhthéacs na codarsnacha a rinneadh níos luaithe sa tuarascáil seo faoi mhéid na hiriseoireachta iniúchta atá sa chlúdach Béarla le hais an tsoláthair Gaeilge.

Luaigh céatadán suntasach de na freagróirí gur cheap siad gur róchosúil le “RTÉ” a bhí *Nuacht TG4* — ní fios ó chomhthéacs gach freagra gur ag trácht ar *Nuacht RTÉ* nó *RTÉ News* a bhí siad, ach is féidir linn talamh slán a dhéanamh de, ón anailís a rinne muid ar cheisteanna eile, go mbreathnaítear — i súile mhóramh na bhfreagróirí — ar *Nuacht RTÉ* agus ar *RTÉ News* mar an tseirbhís chéanna, ach i dteanga dhifriúil.

Mar aon le haiseolas eile ón tsuirbhé seo, luaitear láithreacht sna meáin shóisialta mar ghníomh a d’fhéadfaí a fheabhsú i gcomhthéacs *Nuacht TG4*.

Moltaí Samplacha faoi Nuacht TG4

“Múnla Sheáin Mhic an tSithigh a leathnú amach ar bhonn píolótach sna Gaeltachtaí eile.”
—Duine ón nGaeltacht, os cionn 35 bliain d’aois.


“Aithris ar RTÉ a bhíonn ann go minic. Má tá an 6-1 feicthe agam ní gá dom féachaint air de ghnáth. Ní bhriseann sé scéalta dá chuid féin.” — Fear, 35-54, Cúige Chonnacht

“Scéalta eisiacha, suimiúla. NUAHT, seachas leagan Gaeilge de scéalta atá i mBéarla agus feicthe cheana féin. Iniúchadh náisiúnta agus ar shaol na Gaeltachta seachas míreanna daite faoi imeachtaí pobail.” —Fear, 35-54, Cúige Chonnacht

“Is mó d’irischlár é Nuacht TG4 seachas clár nuachta, ní bhímid ag brath air le haghaidh nuachta, b’fhéidir go mbíonn an iomarca béime acu ar rudaí beaga fánacha conspóideacha, aighnis áitiúla agus mar sin de.” —Os cionn 35 bliain d’aois, ón nGaeltacht

7.4 7 Lá

Fearacht *Nuacht TG4*, ceistíodh freagróirí an tsuirbhé oscailte faoina gcuid tuairimí faoin gclár cúrsaí reatha, 7 Lá. Dúirt 46% de fhreagróirí an tsuirbhé oscailte (789 duine) go mbreathnaíonn siad ar 7 Lá — 55% de dhaoine os cionn 55 bliain d’aois a d’fhreagair go mbreathnaíonn siad air agus 35% de dhaoine idir 18-34 bliain d’aois. Dúirt 53% de na freagróirí ón nGaeltacht go mbreathnaíonn siad ar an gclár, le hais 41% de na freagróirí lasmuigh den Ghaeltacht, agus dúirt 51% de na fir a d’fhreagair go mbreathnaíonn siad air, i gcomparáid le 41% de na mná.



Figiúr 7.5: “Má bhreathnaíonn tú ar 7 Lá, céard a cheapann tú faoin gclár, ar scála 1-5 (1=ní thaitníonn sé liom, 5=taitníonn sé go mór liom)?” Torthaí ón Suirbhé Oscailte. 388 freagra tugtha.

Amhail *Nuacht TG4*, d’iarr muid ar na rannpháirtithe ráta sástachta a thabhairt don chlár freisin (Figiúr 7.5). Thug 66% ráta de 4 nó 5 don chlár (na rátaí is airde). In ainneoin go mbreathnaíonn níos lú daoine atá idir 18-34 bliain d’aois ar an gclár ná aon aoisghrúpa eile, ba iad na daoine ón aoisghrúpa sin a thug an ráta (4+5) ab airde, 79%. Ba léir go gceapann daoine ó lasmuigh den Ghaeltacht níos mó den chlár (73%) ná mar a cheapann lucht na Gaeltachta (56%), in ainneoin go bhfuil ráta féachana níos airde ar an gclár i measc lucht na Gaeltachta.

7.5 Moltaí chun Feabhais 7 Lá



Figiúr 7.6: “An mbeadh aon mholtaí chun feabhais agat i leith an chlár 7 Lá?” Aiseolas ón Suirbhé Oscailte. Thug 155 duine freagra ar an gceist, 218 moladh ar an iomlán.

Iarradh an mbeadh aon mholtaí chun feabhais ag freagróirí an tsuirbhé oscailte i leith an chláir *7 Lá* (Figiúr 7.6). Cosúil le moltaí *Nuacht TG4*, ba é an freagra ba choitianta a luadh ná go mbeadh an clár níos faide, nó go gcrailfaí níos minice sa tseachtain é. Bhain go leor de na moltaí leis an iriseoireacht iniúchta, agus go mbeadh níos mó béime air seo mar chuid de chlár *7 Lá*, agus ba léir go raibh roinnt mhaith de na freagróirí ag iarraidh go mbeadh níos mó scéalta á mbriseadh ar an gclár.

Bhain cuid de na moltaí le stíl, léiriú agus cur i láthair an chláir. Ba léir go raibh roinnt de na freagróirí ag iarraidh go mbeadh an clár “ag dul amach sa phobal”, i dtéarmaí agallaimh a dhéanamh agus scéalta a chlúdach. Bhain cuid de seo le go mbeadh níos mó béim áitiúil ar an gclár. Bhí sé luaite freisin gur mhaith le freagróirí go bhfeicfí lucht féachana sa stiúideo. Luadh go minic go mbeadh sé ar leas an chláir dá mbeadh níos mó ná láithreoir amháin páirteach sa chlár. Luadh cláir eile ar nós *Prime Time* ar RTÉ 1 agus *Spotlight* ar BBC Thuaisceart Éireann mar eiseamláireacha a d’fhéadfaí a leanúint.

Moltaí agus aiseolas faoi *7 Lá*

“Ní leor clár amháin sa tseachtain. Bíonn díospóireacht mhaith air go minic agus bíonn aíonna spéisiúla air. Is minic go mbíonn an t-ábhar pléite cheana ar chainéil eile.”

—Bean, os cionn 55, Cúige Chonnacht

*“Is clár raidió ar theilifís *7 Lá* go bunúsach. Níl ag fáil locht ar mhuintir an chláir ach is minic scéalta an chláir a bheith seanphléite ar RnaG laethanta roimh chraoladh *7 Lá* féin. Éiríonn leis an gclár nuair a bhíonn tuairisc láidir réamhréitithe ar ábhar a bhíonn le plé sa stiúideo ina dhiaidh. Tá soláthar den chineál seo de dhíth 2-3 lá sa tseachtain ina cheann ar chlár anailíse/súil siar ag an deireadh seachtaine.”*

—Fear, 35-54, Cúige Chonnacht

“Clár iontach ach go minic níl na hargóintí ach ag tosú ach caithfear dul ar aghaidh ag rud eile, teastaíonn an dara clár i rith na seachtaine.”

—Fear, 18-34, Baile Átha Cliath

*“Gá le foireann do thuairiscí fiosrúcháin, iniúchta ar aon chaighdeán le *Prime Time Investigates* ar RTE 1 nó *Spotlight* ar BBCNI. Gá le tuairiscíú fírinneach ar staid na Gaeltachta, ar luach an airgid atáthar a chaitheamh ar athneartú na Gaeilge, ar an phleanáil teanga. Gá le croscheistiú gan eagla ó láithreoirí/iriseoirí ar cheannairí na Gaeilge, na Gaeltachta agus ar pholaiteoirí maidir leis an Ghaeilge agus ceisteanna eile.”*

—Fear, 35-54, Cúige Uladh

*“Iriseoirí *7 Lá* a bheidh glórach ar Twitter, clár uair an chloig, leas a bhaint as na meáin shóisialta, níos mó rothlú ar an bpríomhláithreoir, níos mó béime a chur ar scéalta a bhaineann leis an nglúin óg.”*

—Bean, 35-54, Cúige Chonnacht

“Aon seans an bhféadfaí podchraoladh a dhéanamh as roinnt den ábhar?”


—Fear, 35-54, Cúige Laighean

*“Infheistíocht mhór a dhéanamh sa chlár *7 Lá* ... taighdeoirí a fhostú.”*

—Duine ón nGaeltacht, os cionn 35 bliain d’aois

7.6 Nuacht TG4 agus Nuacht RTÉ

Ba léir go raibh easpa tuisceana — agus fiú mearbhall — ar chuid de fhreagróirí na suirbhéanna agus ar chuid de bhaill na ngrúpaí fócais faoin gceangal atá idir *Nuacht RTÉ* agus *Nuacht TG4*. Rinne muid iarracht tochailt a dhéanamh ar an gceist seo nuair a cuireadh an cheist sa suirbhé poiblí, “*Céard iad na difríochtaí (más ann dóibh) idir Nuacht TG4 agus Nuacht RTÉ*”. Líon 428 duine an bosca téacs (is ceist oscailte a bhí ann). Díobh siúd, thug 121 duine le fios nach bhfaca siad aon difríocht eatarthu (thug 21 duine le fios nach mbreathnaíonn siad ar cheann, nó ar cheachtar, den dá chláir agus nach bhféadfaidís breithiúnas a thabhairt). Seachas sin, i measc na ndifríochtaí ba mhó a tháinig aníos ná go bhfacthas go raibh réim theanga éagsúil in úsáid sa dá chláir, go raibh ‘branda’ difriúil acu, agus gur ‘níos cosúla le RTÉ’ a bhí *Nuacht RTÉ*.



Figúir 7.7: Tréithe a luadh le *Nuacht RTÉ* (ar chlé) agus *Nuacht TG4* (ar dheis) nuair a iarradh ar fhreagróirí an tsuirbhé oscailte céard iad na difríochtaí idir an dá chláir. 428 duine a thug freagra ar an gceist.

Ba cheist oscailte a bhí sa cheist seo, agus shocraigh go leor de na freagróirí tréithe ar leith a lua leis an dá chláir. Nuair a rinne muid anailís ar na freagraí seo, agus nuair a rinne muid na tréithe a rangú, tugadh pictiúir spéisiúil dúinn ar dhearcadh na bhfreagróirí i leith an dá chláir nuachta Gaeilge seo. Tá na tréithe (gach ceann a luadh níos mó ná uair amháin) a luadh le *Nuacht RTÉ* ar chlé, agus na tréithe a luadh le *Nuacht TG4* ar dheis i bhFigúir 7.7. I measc na dtréithe a luadh go láidir le *Nuacht RTÉ* bhí béim ar scéalta náisiúnta agus idirnáisiúnta. Bhí béim ar an nGaeltacht agus ar nuacht áitiúil luaite go láidir le *Nuacht TG4*, chomh maith le cúrsaí teanga.

Ráitis shamplacha faoi *Nuacht RTÉ* agus *Nuacht TG4*

“*Bíonn léacsacan [Nuacht] RTÉ níos simplí, dar liom.*” —Fear, 18–34, Cúige Uladh

“*Is é Nuacht RTÉ príomhnuacht an lae náisiúnta 's idirnáisiúnta. Sé mo thuairim gur nuacht áitiúil na Gaeltachta a chuirtear i láthair go mór mór ar Nuacht TG4.*”
—Bean, 55+, Cúige Laighean

“*[Nuacht] TG4 níos cruthaithí b'fhéidir, ceapaim nach bhfuil in [Nuacht] RTÉ ach aistriúchán.*” —Fear, 35–54, Cúige Chonnacht

“Tá Nuacht TG4 i bhfad níos cuimsithí agus níl a fhios agam ach ní bhíonn an caighdeán céanna le brath agus tú ag breathnú ar Nuacht RTÉ, bíonn sé ar nós go mbíonn deifir orthu, níl a fhios agam cén fáth ach trustaim Nuacht TG4 níos mó ná RTÉ News.”
—Fear, 18-34, Cúige Chonnacht

“Tá níos mó muiníne agam as nuacht TG4 toisc nach é an script chéanna le nuacht an Bhéarla atá aistriithe go sciobtha.” —Bean, 18-34, Baile Átha Cliath

7.7 Moltaí ginearálta do sholáthar nuachta TG4

Iarradh sa suirbhé oscailte agus sna grúpaí fócais cé na moltaí a bheadh ag freagróirí agus rannpháirtithe le feabhas a chur ar sholáthar nuachta agus cúrsaí reatha TG4. Tá roinnt acu cuimsithe i dTábla 7.1.

Moltaí agus aiseolas faoi sholáthar nuachta TG4

“Ba dheas seirbhís láidir neamhspleách a bheith ag TG4 a thabharfaidh ‘Súil Eile’.”
—Fear, 55+, Cúige Mumhan

“Ba chóir do TG4 an córas atá ag RnaG ó thaobh cúrsaí nuachta a chur i bhfeidhm. Bíonn cíoradh i bhfad níos fearr déanta ar scéalta Nuachta acu.” —Fear, 18-34, Cúige Chonnacht

“Bheadh sé go deas, ó am go ham, na ‘packages’ as Gaeilge, go mór mór iad a bhaineann leis an Ghaeltacht, a fheiscint as Gaeilge ar RTÉ News (Six-One mar shampla) seachas iad a aistriú go Béarla.” —Fear, 35-54, Cúige Mumhan

“Níl dóthain léargais ar nuacht náisiúnta agus níos lú fós ar chúrsaí idirnáisiúnta. Níl dóthain anailíse déanta ar chúrsaí reatha ar TG4.” —Fear, 35-54, Cúige Chonnacht

“An seomra/seirbhís nuachta neamhspleách a bhíodh ag TG4 a thabhairt thar n-ais.”
—Bean, 35-54, Baile Átha Cliath

“Níos mó, níos minice agus níos doimhne.” —Fear, 35-54, Cúige Mumhan

“Ba cheart go mbeadh clár nuachta níos faide gach lá, agus clár cúrsaí reatha níos minice/níos faide ann.” —Bean, 55+, Cúige Mumhan

“Níos mó faoin timpeallacht agus cúrsaí idirnáisiúnta.”
—Bean, 35-54, Lasmuigh d’Oileán na hÉireann

“An nuacht a bhriseadh nuair a thagann sé amach seachas fanacht go dtí am craolta ar an teilifís.” —Fear, 35-54, Lasmuigh d’Oileán na hÉireann

“Ba mhaith liom go ndéanfaí níos mó cláir imscrúdaithe faoi chúrsaí reatha ar leibhéal áitiúil – leibhéal na ngnáthdhaoine.” —Fear, 35-54, Cúige Laighean

“Beidh an freagra céanna agam don chuid is mó de na ceisteanna seo. Is é a locht a laghad. Bíonn gach rud a dhéanann TG4 ar ardchaighdeán. Ach is fíorbheagán cláracha cúrsaí reatha a bhíonn ann le hais cainéil eile.” —Fear, 18-34, Cúige Uladh

“Easnamh ann i mo thuairim do chlár cúrsaí reatha do dhaoine óga (15-23.)”
—Fear, 35-54, Cúige Chonnacht

“Ní fhéadfá a rá go dtugann Nuacht TG4 seirbhís mhaith nuachta ná cúrsaí reatha dúinn. Ní chlúdaíonn sé a dhóthain ábhar. Ní bhíonn ach ceathrú uaire ag an deireadh seachtaine. Níl aon locht agam ar chaighdeán na hiriseoireachta féin. Easpa nuachta. Mothaím go mbeinn an-aíneolach ar chúrsaí an tsaol dá mbeinn ag brath ar TG4. Tuilleadh ábhar agus ama.” —Bean, 55+, Cúige Chonnacht

Níl aon locht agam ar chaighdeán na hiriseoireachta féin. Easpa nuachta. Mothaím go mbeinn an-aíneolach ar chúrsaí an tsaol dá mbeinn ag brath ar TG4. Tuilleadh ábhar agus ama.” —Bean, 55+, Cúige Chonnacht

“Seirbhís rialta, thapa ar leithéidí twitter. Dá mbeadh an nuacht ar fáil láithreach trí Ghaeilge ar twitter (cuntais na n-iriseoirí chomh maith le cuntas Nuacht TG4), bheadh éileamh air agus tharraingeodh sé tuilleadh daoine chuig TG4.”
—Bean, 35-54, Baile Átha Cliath

“Bheadh sé níos deise dá gcuirfí níos mó nuachta ar na meáin shóisialta agus b’fhéidir dá mbeadh suíomhanna ag na hiriseoirí ar na meáin ar nós Twitter. Cloisim faoi scéal nuachta ar Twitter i mBéarla agus ní chloisim é i nGaeilge go ceann 2/3 uair go leith ansin.”
—Fear, 18-34, Cúige Chonnacht

“Déan iarracht Instagram a úsáid chun níos mó daoine óga a fháil.”
—Bean, 18-34, Cúige Uladh

“Ba chóir go mbeadh rannóg nuachta neamhspleách Gaeilge. Is cur amú ama é má tá sé ceangailte le RTÉ. Níl ann ach an tuairimíocht chéanna le haistriúchán agus luachanna léirithe níos ísle. Cuireann seo cuma 2nd class ar an Ghaeilge.” —Fear, 35-54, Cúige Uladh

“Guthanna difriúla ó gach taobh den tír, agus níos mó ionadaíochta ar an scáileán ó cheantair nach bhfuil lonnaithe i gceantair Ghaeltachta.” —Fear, 18-34, Cúige Chonnacht

Táblaí 7.1: Moltaí éagsúla faoi sholáthar Nuachta TG4 a tháinig chun cinn sna grúpaí fócais


7.8 Conclúidí faoi sholáthar nuachta TG4

Chonaic muid i bhFigúir 5.5 go bhfuil leibhéal sástachta réasúnta ard i measc fhreagróirí an tsuirbhé oscailte don soláthar nuachta atá ag TG4 go ginearálta. In ainneoin sin, ní fheictear go bhfuil an ráta sástachta chomh hard sin don dá phríomhchlár nuachta agus cúrsaí reatha atá á gcráoladh, *Nuacht TG4* agus *7 Lá*, agus thug rannpháirtithe an tionscadail seo a gcuid cúiseanna leis seo dúinn.

Chonaic muid san aiseolas faoi *Nuacht TG4* gur clár níos faide, nó go gcráolfaí níos minice é, an moladh ba choitianta a luadh. Is léir go dtaitníonn an clár le formhór na rannpháirtithe, ach nach bhfuil siad ag fáil a ndóthain de. Dar leo, tá mant sa soláthar nuachta náisiúnta agus idirnáisiúnta sa chlár freisin, go háirithe nuair a chuirtear é i gcomparáid le cláir Bhéarla. Chonaic muid go leor den aiseolas céanna ag dul don chlár cúrsaí reatha *7 Lá*. Fearacht *Nuacht TG4*, tá éileamh láidir ag teacht chun cinn san aiseolas do níos mó iriseoireacht iniúchta a bheith leabaithe sa chlár *7 Lá*, agus mar chuid lárnach de thairiscint nuachta TG4.

8 Forbairtí sa Soláthar Nuachta agus Cúrsaí Reatha

Breathnaítear sa chuid seo den tuarascáil ar mhianta an phobail maidir leis an soláthar nuachta agus cúrsaí reatha i nGaeilge, ar na forbairtí ar mhaith leo a fheiceáil, agus ar na moltaí éagsúla a tháinig chun cinn uathu le linn an tionscadail. Chun mianta an phobail i leith forbairtí úra sa soláthar nuachta a mheas, d'iarr muid ar phainéal Fios Físe ceithre ghníomh forbartha éagsúla a chur in ord tosaíochta. Ba iad seo na roghanna a cuireadh ar fáil dóibh: infheistíocht a dhéanamh sa tseirbhís nuachta reatha, infheistíocht a dhéanamh sna mórchláir dhíospóireachta agus cúrsaí reatha, idirdhealú níos mó a dhéanamh idir an tairiscint nuachta Gaeilge agus an tseirbhís atá ann i mBéarla, agus go mbeadh níos mó béime ar an iriseoireacht iniúchta. Chinn muid gurb iad seo na roghanna is fearr a bhí ionadaíoch ar an smaointeoireacht a tháinig as na grúpaí fócais. Tá na torthaí le feiceáil i bhFigiúr 8.1




Figiúr 8.1: “Má tá acmhainní le caitheamh ar an tseirbhís nuachta agus cúrsaí reatha a chuireann craoltóirí na Gaeilge ar fáil, cé acu seo thuas arbh fhearr leat go dtabharfaí tosaíocht dóibh? Cuir in ord tosaíochta iad, le do thoil.” Torthaí ó phainéal Fios Físe. 219 freagra.

Thug níos mó daoine tús áite d’infheistíocht a dhéanamh sa tseirbhís reatha ná aon rogha eile. Is léir go bhfeiceann rannpháirtithe an tionscadail seo go bhfuil éagothroime idir an infheistíocht a dhéantar sa soláthar nuachta Gaeilge agus an soláthar i mBéarla. Braitheann siad go bhfuil an soláthar nuachta náisiúnta agus idirnáisiúnta níos fearr i mBéarla, agus más scéalta nuabhríste atá uathu go gcaithfidís iad seo a fháil ó na foinsí Béarla (agus ceapann siar suntasach de rannpháirtithe an tionscadail seo gur aistriúchán ar na scéalta seo atá á fháil acu i nGaeilge, ag deireadh an lae). Breathnaíonn sé go gceapann an chuid sin de phobal labhartha na Gaeilge a ghlac páirt sa

tionscadal seo go bhfuil gá le níos mó infheistíochta chun dul i ngleic le cuid den éagothroime seo.

Cé go bhfuair “níos mó béime ar an iriseoireacht iniúchta” an céatadán ba lú de chéad roghanna, chuir an oiread sin daoine an rogha sin sa dara háit san ord tosaíochta, go dtagann sé amach sa dara háit sa liosta tosaíochta is mó má dhéantar rangú orthu de réir éilimh. Tá an t-aiseolas seo maidir leis an iriseoireacht iniúchta, a tháinig ó phainéal Fios Físe, ag teacht leis na mianta atá ag teacht ó na grúpaí fócais. Tá sé le feiceáil sna moltaí maidir le soláthar nuachta TG4 atá ag teacht ó fhreagróirí an tsuirbhé oscailte, freisin, agus ag teacht leis na moltaí chun feabhais atá acu don chlár 7 Lá, go háirithe. Chonaic muid, sa chomparáid a rinne painéal Fios Físe idir an soláthar Gaeilge agus an soláthar Béarla, gur ag santú an tsoláthair iriseoireachta atá cheana féin le fáil trí mheán an Bhéarla atá pobal labhartha na Gaeilge.



Figiúr 8.2: “Céard iad na hathruithe ar mhaith leat a fheiceáil sa bhealach a ndéantar ábhar nuachta Gaeilge a chur ar fáil ar líne? Cuir in ord tosaíochta iad, le do thoil.” Torthaí ó phainéal Fios Físe. 209 freagra.

Thug muid aghaidh ar an soláthar digiteach nuair a chuir muid an cheist ar phainéal Fios Físe: “Céard iad na hathruithe ar mhaith leat a fheiceáil sa bhealach a ndéantar ábhar nuachta Gaeilge a chur ar fáil ar líne?” Iarradh orthu roghanna éagsúla a tugadh dóibh a rangú agus tá na torthaí le feiceáil i bhFigiúr 8.2. Tháinig Aip Nuachta Gaeilge sa chéad áit nuair a iarradh ar phainéal Fios Físe liosta d’fhorbairtí féideartha a chur in ord tosaíochta. Tá an moladh seo ag teacht leis an aiseolas a tháinig ar ais sa suirbhé oscailte agus sna grúpaí fócais, inar luadh gur cheart go bhfeicfí níos mó comhtháthaithe idir na soláthróirí nuachta Gaeilge — go háirithe sa tairiscint ar líne. Ach ní léir gur comhtháthú ar aschur nuachta na soláthróirí atá ar fáil cheana féin

atá uathu. Tá sé léirithe sna trí ghrúpa a ghlac páirt sa tionscadal seo gur soláthar uathúil, éagsúil, difriúil atá uathu le hais an tsoláthair atá ar fáil trí Bhéarla.

Tá an t-éileamh le níos mó podchraoltaí nuachta trí Ghaeilge (sa dara háit ar an liosta seo) ag teacht leis an aiseolas a fuair muid sna grúpaí fócais agus sa suirbhé oscailte freisin. Bhí podchraoltaí luaite go minic acusan mar chosán fabhrach rochtana do chúrsaí nuachta (agus iad ag teacht leis an bpríomhchúis — áisiúlacht — go dtéann rannpháirtithe chuig na foinsí nuachta a bhí luaite acu). Chuir freagróirí na ceiste sin seirbhís nuachta do dhaoine óga sa tríú háit sa liosta d’athruithe féideartha sa soláthar nuachta ar líne. Tá daoine níos óige níos gníomhaí ar líne, agus tá sé nádúrtha go mbeadh siad ag súil go mbeadh an soláthar nuachta dírithe orthu siúd oiread agus is féidir.

Aiseolas ó Rannpháirtithe an Tionscadail

“Ba cheart do na soláthróirí ar fad a oibríonn trí Ghaeilge agus a fhaigheann airgead poiblí comhoibriú le chéile níos éifeachtaí chun seirbhís níos fearr a sholáthar do phobal na Gaeilge: RTÉ (Nuacht RTÉ, Nuacht TG4, RTÉ Raidió na Gaeltachta), TG4, Tuairisc.ie, Comhar, NÓS, Raidió na Life, agus srl.” —Fear, 35-54, Cúige Chonnacht

“Iriseoireacht neamhspleách iniúchta ar thóir na fírinne a theastaíonn. Forbairt ar an earnáil. Teastaíonn Breandán Ó hEithir na linne seo. An iomarca scéalta boga ó Chiarraí ag cur turasóireacht chun cinn seachas nuacht.” —Fear, 35-54, Cúige Chonnacht

“Tá gá le níos mó ‘investigative journalism’ i nGaeilge. Tá mórscéalta amuigh ann, ach caithfear tochtailt a dhéanamh agus am a thabhairt dó sin. Is minic go mbíonn scéalta móra Náisiúnta lonnaithe sa nGaeltacht, ach ní hiad na meáin Ghaeilge a bhriseann an scéal.” —Bean, 35-54, Baile Átha Cliath

“Bheadh sé go deas dá mbeadh níos mó scéalta fá chúrsaí reatha ar fáil ar www.tuairisc.ie. Is ar líne is mó a léim an nuacht, agus is chuig tuairisc.ie a rachainn dá mbeadh a fhios agam go mbeadh scéalta á gcur suas go rialta (de réir mar a bheadh eachtraí ag titim amach, mar shampla), mar a bhíonn ar leithéidí rte.ie.” —Bean, 18-34, Cúige Uladh

“Suíomh Gaeilge amháin. Tá deighiltí ag éirí idir RTÉ Gaeilge, RTÉ Nuacht, Nuacht RnaG, Tuairisc, Nuacht TG4. Cuir le chéile iad! Ní neart go cur le chéile! Agus maidir le hagallaimh nuachta, is fearr Gaeilge líofa ó ‘non-experts’ ná Gaeilge bhriste ó ‘experts’. Táim ag díriú anso ar an nuacht náisiúnta/cúrsaí polaitíochta.” —Fear, 18-34, Cúige Mumhan

“Ní féidir seirbhís cheart nuachta a chur ar fáil gan infheistíocht.” —Fear, 55+, Baile Átha Cliath

9 Clabhsúr

Rinneadh cur síos sa tuarascáil seo ar conas a théann trí spriocghrúpa ar leith de chuid phobal labhartha na Gaeilge i ngleic leis an soláthar nuachta agus cúrsaí reatha (an soláthar Béarla agus Gaeilge) atá ar fáil dóibh. Leagadh amach a gcuid tuairimí faoin tairiscint nuachta reatha, agus a gcuid mianta maidir le hathruithe a d'fhéadfaí a chur i bhfeidhm sa soláthar amach anseo. Is réimse casta, athraitheach an t-ábhar atá faoi chaibidil, agus reáchtáladh an tionscadal seo i lár paindéime atá tar éis claochlú a dhéanamh ar bheagnach gach gné den tsochaí. In ainneoin sin, bunaithe ar an méid a d'fhoghlaim muid sa tionscadal seo, is féidir linn an méid seo a leanas a rá faoin staid reatha mar a bhaineann sé leis an tairiscint nuachta agus cúrsaí reatha atá ar fáil do phobal labhartha na Gaeilge.

9.1 Foinsí Nuachta an Phobail Gaeilge

Is ar líne atá formhór phobal labhartha na Gaeilge ag fáil a gcuid nuachta — bíodh is gur ó na soláthróirí traidisiúnta atá formhór acu á fáil. Tá foinsí eile ag teacht chun cinn go láidir freisin. Tá ag éirí go maith le www.tuairisc.ie dul i bhfeidhm ar an gcroíphobal teanga seo, agus tá aoisghrúpaí níos óige ag triail ar fhoinsí neamhthraidisiúnta ar líne chun a gcuid nuachta a fháil. Tá éileamh ar sholáthar Gaeilge TG4 agus RTÉ, ach ceaptar go bhfuil an soláthar níos fearr i mBéarla i réimsí ar leith, go háirithe an nuacht idirnáisiúnta agus nuacht ag eascairt ón iriseoireacht iniúchta.

9.2 Áitiúil, Náisiúnta, Idirnáisiúnta

Tá nuacht áitiúil de dhíth ar an lucht féachana agus éisteachta. Tá siad á fáil seo i nGaeilge ó RTÉ Raidió na Gaeltachta, agus iad sásta leis an tseirbhís. Ceaptar go bhfuil TG4 go maith chuige seo freisin, ach gur mian le pobal na Gaeilge go dtógfaí ar an láidreacht seo agus go rachfaí amach agus go bhfeicfidís agus go gcloisidís níos mó faoina bpobal féin, go háirithe ar an teilifís.

Ní cheaptar go bhfuil an soláthar nuachta náisiúnta agus idirnáisiúnta i nGaeilge láidir go leor. Cinnte, ní léir go mbreathnaítear ar sholáthar náisiúnta agus idirnáisiúnta TG4 mar láidreacht atá ag an stáisiún, agus tá amhras ar sciar suntasach den phobal nach bhfuil i soláthar nuachta náisiúnta agus idirnáisiúnta RTÉ ach Gaeilge curtha ar an mbunseirbhís nuachta Béarla.

9.3 Giniúint agus seachadadh Nuachta

Ní bhreathnaítear go bhfuil nuacht á giniúint trí Ghaeilge, mar atá na foinsí nuachta Béarla ag giniúint nuachta, agus ní bhreathnaítear ar TG4 mar stáisiún a ghineann nuacht. Dá bharr, feictear éileamh láidir ó phobal labhartha na Gaeilge do sholáthar iriseoireachta iniúchta chun é seo a bhaint amach. Tá an t-éileamh suntasach seo do bhreis iriseoireacht iniúchta ceangailte le breis forbartha a dhéanamh ar chlár cúrsaí reatha cosúil le 7 Lá. Is léir go bhfuil pobal labhartha na Gaeilge ag iarraidh go mbeidh na clár nuachta, agus na hiriseoirí, níos gníomhaí agus ag briseadh na scéalta nua seo ar na meáin shóisialta, go háirithe Twitter. Dar leo, ní gá don phobal Béarla fanacht go bhfaighidh siad a gcuid nuachta, agus ní cheapann siad go gcaithfeadh siadsan fanacht ach an oiread. Chuige seo, cuirtear go leor béime ar bhreis infheistíochta a dhéanamh sa tseirbhís nuachta reatha.

9.4 Soláthar Ar Líne TG4

Tá soláthar TG4 ag freastal go maith ar riachtanais an déimeagrafaigh níos sine, ach is léir go bhfuil an dream níos óige ag éileamh soláthar nuachta san áit ina bhfuil siadsan gníomhach — den chuid is mó ar líne agus ar na meáin shóisialta. Tá curtha in iúl ag an lucht féachana go bhfuil soláthar nuachta níos mó agus níos leithne uathu ó TG4 — agus gur mhaith leo go ndéanfaí an tairiscint atá acu a leathnú amach i dtéarmaí ama agus ábhair. Tá éileamh fós ar na hardáin thraidisiúnta mar fhoinsí nuachta do phobal na Gaeilge — go háirithe d’aoisghrúpaí níos sine. Ach tá tábhacht shuntasach leis an spás ar líne — á thiomáint cuid mhaith ag na meáin shóisialta, go háirithe Twitter — agus aithnítear dá bharr go bhfuil láithreacht láidir ar líne de dhíth le freastal ar an gcohort níos óige. Tá eilimint níos láidre ar líne ag teastáil i gcibé straitéis atá chun soláthar láidir a thairiscint do gach aoisghrúpa.

Go deimhin, is athdhearbhú é an taighde seo faoi go bhfuil cos ag meáin Ghaeilge na linne ar dhá bhruach. Bruach amháin ar a gcónaíonn na glúnta a théann i muinín an idirlín agus na meán sóisialta, Glúin Y, san aoisghrúpa 25-34 ar a dtugtar mílaoisigh agus Glúin Z, san aoisghrúpa 18-24 a tháinig ar an saol tar éis lár na 1990idí, bundúchasaigh digiteacha nach bhfuil aon chuimhní acu ar an saol gan idirlíon. Ar an mbruach eile tá dream daoine gur túisce a roghnódh siad dúch agus páipéir, a cheannaíonn nuachtáin agus a éistean leis an raidió agus a bhreathnaíonn ar an teilifís. Úsáideann siad an t-idirlíon agus na meáin shóisialta chomh maith ach ní chomh minic leis an dream ar an mbruach eile. Léiríonn an taighde go dtugann cos ar dhá bhruach deiseanna spésiúla iomadúla do na meáin Ghaeilge.

9.5 Soláthar Uathúil do phobal uathúil

Ar deireadh, tá éileamh ag teacht chun cinn go láidir do sholáthar nuachta nua, difriúil, éagsúil ón soláthar Béarla. Táthar ag taispeáint go bhfuil tairiscint shainiúil de dhíth — ní leor na scéalta céanna atá á dtabhairt i mBéarla a léiriú i nGaeilge. Tá dearcadh eile, ar ábhar difriúil, agus ó áiteanna níos faide i gcéin, uathu. Tá gné Ghaelach le feiceáil san éileamh seo — go mbeadh an soláthar dírithe ar riachtanais chomhaimseartha an phobail teanga. Ach tá gné frithghníomhaithe in aghaidh an tsoláthair Béarla le feiceáil freisin. Níl “aistriúchán díreach” uathu, ach níl siad ag iarraidh léirmhíniú eile ar an soláthar Béarla ach an oiread. Is léir gur dearcadh difriúil ar an domhan, curtha ar fáil trí Ghaeilge, atá de dhíth ar phobal labhartha na Gaeilge.

TAGAIRTÍ

- Boczek, K., & Koppers, L. (2020). What's new about Whatsapp for news? A mixed-method study on news outlets' strategies for using WhatsApp. *Digital journalism*, 8(1), 126-144.
- Bryman, A. (2006). Integrating quantitative and qualitative research: how is it done? *Qualitative research*, 6(1), 97-113.
- Bulsara, C. (2015). Using a mixed methods approach to enhance and validate your research. *Brightwater Group Research Centre*, 1-82.
- Jonsen, K., & Jehn, K. A. (2009). Using triangulation to validate themes in qualitative studies. *Qualitative Research in Organizations and Management: An International Journal*.
- Kamberelis, G. & Dimitriadis, G. (2013) *Focus Groups from Structured Interviews to Collective Conversations*. New York: Routledge.
- Lee, A. M., & Chyi, H. I. (2015). The rise of online news aggregators: Consumption and competition. *International Journal on Media Management*, 17(1), 3-24.
- Lee, C. S., & Ma, L. (2012). News sharing in social media: The effect of gratifications and prior experience. *Computers in human behaviour*, 28(2), 331-339.
- Olsen, W. (2004). Triangulation in social research: qualitative and quantitative methods can really be mixed. *Developments in sociology*, 20, 103-118.
- Shearer, E., & Mitchell, A. (2021). News use across social media platforms in 2020.
- Singer, E., & Couper, M. P. (2017). Some methodological uses of responses to open questions and other verbatim comments in quantitative surveys. *Methods, data, analyses: a journal for quantitative methods and survey methodology (mda)*, 11(2), 115-134.
- Tewksbury, D. (2005). The seeds of audience fragmentation: Specialization in the use of online news sites. *Journal of broadcasting & electronic media*, 49(3), 332-348.
- Valenzuela, S., Bachmann, I., & Bargsted, M. (2019). The personal is the political? What do Whatsapp users share and how it matters for news knowledge, polarization and participation in Chile. *Digital journalism*, 1-21.

